



INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Tuarascáil Bhliantúil

2005/2006

STAIR

Tá stair fhada agus onórach ag baint leis an gColáiste. Bhí Institiúid Ríoga Chorcaí, a bhféadfaí glacadh leis mar réamhtheachtair ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus An Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Corcaigh araon, ann chomh luath le 1802 agus bhain sé Cairt Ríoga amach in 1807. Bhí clú an léinn cheimice, go háirithe, uirthi. Rinne sé comhnascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art in 1825 agus ghlac Institiúid Ríoga Chorcaí mhéadaithe nua seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Bunaíodh an Scoil Deartha i gCorcaigh in 1850 agus ba as sin a d'eascair Scoil Chathrach Ealaíne Crawford, a tháinig ar an bhfód go hoifigiúil i bPlás Emmet in 1885. Aistríodh an Scoil chuig an áit ina mbíodh Institiúid Theicniúil Chathrach Crawford ar Shráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh é mar Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Tháinig Ceol-Scoil Chorcaí, a bhí lonnaithe ar dtús ar Shráid an Chapail Bhuí, ar an saol in 1878. Aistríodh go hOileán na nGé í in 1892, agus in 1902 chuig Cé na hAontachta. Sa bhliain 1956 aistríodh é chuig foirgneamh saintógtha nua agus an áit ina bhfuil sé lonnaithe anois ag Cé na hAontachta.

Bunaíodh Coiste Teagaisc Theicniúil Bhardas Chorcaí sa bhliain 1901 agus chuaigh sé i mbun oideachas teicniúil a bhreisthorbairt i gCorcaigh. Sa bhliain 1909 shocraigh sé Coláiste Teicniúil a chur ar bun. Osclaíodh an institiúid seo in 1912 agus tugadh Institiúid Theicniúil Chathrach Crawford uirthi, toisc gur bhronn A F Sharman an láithreán, a bhí lonnaithe ar an tsráid ar a dtugtaí Sráid Fitton. Agus a bunús ag dul siar chuig Institiúid Ríoga Chorcaí, ba í Scoil na hEolaíochta, a bunaíodh sa bhliain 1854, a tháinig go díreach roimpe, agus bhí sí sin faoi dhlíne Choiste Teagaisc Theicniúil an Bhardais in 1901.

Chuir Institiúid Theicniúil Chathrach Crawford nua oiliúint ar fáil i raon leathan d'ábhair theicniúla. Ar feadh tamaill sna 1920aí bhí baint aige le céim innealltóireachta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon na gcúrsaí a chuir sí ar fáil thar na blianta. Bunaíodh Dioplóma de Chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann i dTeicneolaíocht Cheimiceach, in 1941, le comhoibriú agus rannpháirtíocht Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhuirí sa bhliain 1944. Sa bhliain 1955 cuireadh Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíoch ar fáil don chéad uair. Sna 1960aí tháinig cúrsaí áirithe in Innealtóireacht Shibhialta, Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an bhfód.

In 1963 aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid phléadaithe go dtí Scoil na Foirgníochta nua ar Shráid an Mhuilinn Shábhadóireachta. Lonnaíodh Rannóg Cheirdeanna Leictreacha an Choláiste níos déanaí i Sráid Phóil, Corcaigh. Reachtáladh ranganna innealtóireachta eile i dTeach an Déin, Sráid an Déin.

Tháinig Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an saol i nDeireadh Fómhair 1974. Rinne sé ionchorprú ar Institiúid Theicniúil Chathrach Crawford, Scoil na Foirgníochta agus síneadh na hInnealtóireachta Leictreic a bhí lonnaithe roimhe sin ar Shraid

Phóil. Aistríodh cúrsaí gnó agus baill foirne áirithe chuig an gColáiste nua ó CG Chathair Chorcaí ar Oileán na nGé. Ba é an Taoiseach ag an am, Seán Ó Loingsigh T.D., a d'oscail an foirgneamh go hoifigiúil in Eanáir 1977.

Rinneadh aonán féinrialaitheach den Choláiste ar an 1 Eanáir, 1993, i ndiaidh dó bheith mar institiúid oideachais faoi stiúir Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar do dhá ionad oideachais eile faoi stiúir an CG a chomhnascadh leis an gColáiste Teicniúil Réigiúnach nua, ba iad sin Ceol-Scoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Ar an 18 Nollaig, 1997, athshainíodh an Coláiste mar "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí" ag Mícheál Ó Máirtín, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta.

In Deireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidigh, Co Chorcaí, lena chéad iontógáil mac léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Loingseoireachta, lonnaithe i gCampas Bhaile an Easpaig d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, go dtí an saoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Teo. Freastlaíonn an Coláiste ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh thrádála agus ar riachtanais oiliúna neamhmhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh, agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Teo. atá freagrach as bainistíocht saoráidí sa Choláiste.

In Meitheamh 2005 tharmlig Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (CDAO) údarás bronnta iomlán don Institiúid maidir lena Cláir Mhúinte ar fad suas go dtí leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) d'Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí.

In Meitheamh 2005 tharmlig CDAO údarás iomlán bronnta dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i nDisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta.

Ar an 19 Meán Fómhair 2005, tharmlig Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (CDAO) údarás bronnta d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a gcéimeanna PhD féin a bhronnadh agus údarás bronnta leibhéal 8, 9 agus 10 á gcríochnú mar sin. Rinneadh an tarmligeán le comhaontú an Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn (ÚNCÉ) agus bhí feidhm aige maidir le réimsí léinn ina raibh an Institiúid creidiúnaithe le clár taighde a chothabháil. Tá cumhachtaí bronnta céime ag an Institiúid anois is féidir a chur i gcomparáid le hOllscoileanna in Éirinn.

Cabhróidh an t-údarás bronnta go leibhéal PhD le taighde ceannródaíoch a fhorbairt go leanúnach in Eolaíocht agus in Innealtóireacht in ITC.

MISEAN AGUS LUACHANNA INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Tá gníomhaíochtaí go léir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí faoi rialú a ráitis mhísin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas mísin bunluachanna na hInstitiúide.

RÁITEAS MISIN

Oideachas mac léinn-lárnach a sholáthar le fócas ar ghairm ar mhaithe le forbairt phearsanta, intleachtúil agus ghairmiúil an mhic léinn agus ar mhaithe leis an sochaí ar fad.

CROÍLUACHANNA

Is Institiúid teagaisc, foghlama agus taighde sármhaitheasa agus ardcháilíochta í ITC a sholáthraíonn rochtain chuimsitheach ar oideachas do mhic léinn le hinniúlachtaí, riachtanais agus tairbhí difriúla thar raon leathan araíonachta agus leibhéal cáiliúcháin.

Tá ITC tiomanta dá ról sa tsochaí agus ar an dóigh seo cinnteofar go ndéanfaidh an Institiúid, a foireann, a mic léinn agus a céimithe rannpháirtíocht fhíor bhríoch do shaol acadúil, eacnamaíoch, tionsclaíoch, sóisialta agus cultúrtha go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Forbróidh agus cothóidh ITC na buanna atá ag mic léinn na hInstitiúide i dtimpeallacht thacúil. Soláthróidh an Institiúid oideachas dá mic léinn a bheidh chomh maith agus atá siad ag súil leis agus a shásóidh riachtanais a ngairmeacha agus a riachtanais mar bhaill den tsochaí.

Leanfaidh ITC uirthi de bheith ag forbairt trí chultúr rialachais, bainistíochta agus eagraíochta de chomhpháirtíocht, chomhairle agus chomhoibriú.

FÍS STRAITÉISEACH

Beidh ITC ina soláthróir suntasach d'oideachas atá dírithe ar ghairm agus a chuimsíonn éagsúlacht agus nuálaíocht.

Tá fíis ratha na hInstitiúide á chur in iúl san fhíis straitéiseach. Beidh baint amach na fíise seo soiléir do shláine eacnamaíoch, chultúrtha, agus shóisialta réigiún agus pobal na hInstitiúide. Beidh Institiúid den chineál seo forásach, solúbtha agus nuálach maidir lena pleanáil agus lena sofhreagracht do riachtanais mac léinn, agus ag an am céanna tógfaidh sí ar na láidreachtaí atá aici cheana féin.

Sliocht tógtha as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2005 – 2010.



Réamhrá	Leathanach
1.1 Ráiteas an Chathaoirligh	2
1.2 Ráiteas an Stiúrthóra	3
1.3 Ráiteas Comhionannais	5
1.4 An Ghaeilge agus Cultúr na Gaeilge	6

Rialachas

2.1 Cairt Eagraíochta na hInstitiúide	8
2.2 Ballraíocht an Bhoird Rialaithe	9
2.3 Cruinnithe an Bhoird Rialaithe	10
2.4 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	11
2.5 Foireann Shinsearach na hInstitiúide	12

Cúrsaí Acadúla agus Cúrsaí Mac Léinn

3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla	16
3.2 Ballraíocht de Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	19
3.3 Coistí na Comhairle Acadúla	20
3.4 Forbairt Acadúil	21
3.5 Cúrsaí Ceadaithe – Lánaimseartha	22
3.6 Cúrsaí Ceadaithe – Páirtaimseartha	26
3.7 Údaráis Bhailíochtaithe	31
3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha	33
3.9 Staitisticí Mac Léinn	36
3.10 Duaiseanna Mac Léinn	41

Taighde agus Forbairt

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha	44
4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha	46
4.3 Forbairt Champais	47
4.4 Bainsitíocht Slándála agus Saoráidí	48

Pearsanra

5.1 Tuarascáil Phearsanra	50
5.2 Líon Foirne	51
5.3 Éachtaí Foirne	53

Tuarascáil Airgeadais

6.1 Tuarascáil Airgeadais	56
6.2 Cuntais Iniúchta	57

Eolas Eile

7.1 Nuacht agus Imeachtaí	78
7.2 Cumann na gCéimithe	83
7.3 Pointí Teagmhála	84



réamhrá

- 1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**
- 1.2 Ráiteas an Stiúrthóra**
- 1.3 Ráiteas Comhionannais**
- 1.4 An Ghaeilge agus Cultúr na Gaeilge**

1.1 Ráiteas an Chathaoirligh



Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2005/2006 a chur i láthair a shonraíonn an bealach ina leanann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí uirthi a dícheall a dhéanamh oideachas mac léinn-lárnach a sholáthar le fócas ar ghairm ar mhaithe le forbairt phearsanta, intleachtach agus ghairmiúil an mhic léinn agus ar mhaithe leis an tsochaí ar fad.

Ba mhaith liom rannchuidiú lar-chathaoirligh an Bhoird Rialaithe, an Clr Donal O'Rourke a admháil, ní hamháin as a gceannaireacht don chuid is mó den bhliain seo ach as a dtiomantas neamhleithleach agus as a sár-rannchuidiú le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a fhorbairt thar na 13 bliana atá thart ina raibh sé mar Chathaoirleach.

Fáiltím roimh fhorbairt Champas Bhaile an Easpaig le déanaí a lean ar aghaidh le críoch á chur le hIonad na Mac Léinn, leis an bhFoirgneamh Riaracháin, an bhFoirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais i dteannta leis an bhforbairt leanúnach ar áiseanna spóirt. Léiríonn oscailt Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe agus Ionad Nuálaíochta Rubicon arís eile fócas ITC ar fhairsinge a Físe Straitéisí a bhaint amach.

Is éachtaí suntasacha iad tarmligean CDAO go ITC dámhachtainní a dhéanamh ag Leibhéal 9 agus Leibhéal 10 agus caithfear creidiúint iomlán a thabhairt d'fhoireann ITC as a gcuid oibre chun é seo a fhíorú.

Léiríonn an rath leanúnach atá ar mhic léinn i gcomórtas seachtrach an ardcháilíocht teagaisc, foghlama, núálaíochta agus taighde laistigh den Institiúid agus is mór an chlá don fhoireann acadúil é.

Soláthraíonn an Plean Straitéiseach a tugadh chun críche agus a seoladh níos luaithe i rith na bliana fíis agus treoir láidir agus shoiléir don Institiúid don tréimhse ó 2005 go 2010.

Mar bhuille scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill an Bhoird Rialaithe, leis an Stiúrthóir, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht agus le Foireann ICT as a ndúthracht agus as a n-obair chrua le linn 2005/2006.

An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas an Stiúrthóra



Seo í mo dhara bliain in oifig agus is é seo a leanas mo Ráiteas Stiúrthóra.

A. Tógáil agus Eastáit

Síníodh an Conradh um chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) don Ceol-Scoil ITC nua i Meán Fómhair 2005 tar éis feachtais fhada.

Chuir an Institiúid an MV Cill Airne dá láimh, toisc nach raibh sí ag teastáil uathu níos mó nuair a osclaíodh Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) in 2004. D'oscail Máire Ní hAinifin, an tAire Oideachais agus Eolaíochta CNMÉ go hoifigiúil i Márta 2006.

Athbhunaíodh coiste Sláinte agus Sábháilteachta na hInstitiúide, tugadh faoi oiliúint maidir le húsáid dífhibrileoirí agus cuireadh isteach ar fud na hInstitiúide iad.

Thosaigh Céim a hAon de lárionad spóirt na hInstitiúide i Samhain 2005.

Tá mór-athnuachan tosaithe ag an Institiúid ar a bonneagar TF ag an gCampas atá aici i mBaile an Easpaig.

D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta gur ceadaíodh Ionad Acmhainní Foghlama (Síneadh don Leabharlann) a thógáil mar fhoirgneamh aonair CPP ag eascairt as Tuarascáil Kelly.

B. Cúrsaí Acadúla

Thosaigh an Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Luibhe sa bhliain acadúil seo. Is é an chéad chúrsa dá leithéid é ó thaobh Ardoideachas na hÉireann.

I Meitheamh 2005 tharmlig CDAO údarás bronnta iomlán don Institiúid maidir lena Cláir Mhúinte go léir suas go dtí agus ag cuimsiú Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) den Údarás Náisiúnta Cailíochtaí.

Fuarthas údarás tarmhligthe dámhachtainí a bhronnadh ag:

Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) do na céimeanna seo a leanas; Físic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht, Ceimic, Eolaíochtaí Bitheolaíochta, Innealtóireacht Leictreonach, Ríomhaireacht, Innealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta, Innealtóireacht Cheimiceach agus Phróisis agus Innealtóireacht Shibhialta agus Foirgníocht.

Leibhéal 10 (PhD) do na céimeanna seo a leanas: Físic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht, Ceimic, Eolaíochtaí Bitheolaíochta, Innealtóireacht Leictreonach agus Innealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta.

Fuair gach céim Baitsiléara Innealtóireachta (Onór) de chuid na hInstitiúide, viz: Innealtóireacht Leictreonach, Innealtóireacht Cheimiceach agus Próisis, Innealtóireacht Mheicniúil agus Struchtúr, creidiúnú iomlán 5 bliain ó Innealtóirí Éireann.

Cheadaigh an Chomhairle Acadúil an Creatlach Modúlaithe agus Seimeastraithe agus dréachtaíodh pleananna dá chur i bhfeidhm.

Aontaíodh ar Chomhionad d'Oideachas Ailtireachta (COC/ITC) a bhunú agus tá forbairt BSc (Onór) Ailtireachta faoi lánseol agus an chéad iontógáil pleanáilte d'Fhómhar 2006.

Cuireadh tús leis an gcomh-Mháistreacht ITC/COC sna hEolaíochtaí Bitheighis, tá comhchálíúchán pleanáilte freisin.

Cuirfear tús leis an aistriú go dtí iontráil CAO Leibhéal 7, viz., Gnáthchéimeanna d'iontráil 2006.

Bhí an chéad bhronnadh céime de chuid Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar chéimithe ITC ar siúl i bhFeabhra 2006.

C. Cúrsaí Straitéiseacha

Seoladh Plean Straitéise na hInstitiúide 2005-2010 go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2005. Cuireadh tús le hobair ar Phlean Straitéise a fhorbairt don CNMÉ.

Síníodh Meabhrán Tuisceana leis na dtrí Choláiste Breisoideachais de chuid CG Chathair Chorcaí (Coláiste Tráchtála, Lár Choláiste Eoin and Coláiste Stiofáin Naofa) maidir le dul chun cinn mac léinn go dtí ITC.

Foilsíodh an Bille um Institiúidí Teicneolaíochta 2006.

D. Foireann

Foilsíodh an Lámhleabhar de Nósanna Imeachta do Struchtúir Bhainistíochta Acadúla.

Bhog baill foirne agus mic léinn isteach san Fhoirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais nua.

Bhog baill foirne isteach san Fhoirgneamh Riaracháin nua.

Cuireadh tús le ceannasaí nua ar Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann a earcú agus críochnaíodh in Iúil 2006 é. Ceapadh an Captaen John Clarence agus glacfaidh sé cúram ó Dhónal Burke a chuaigh ar scor ar an 31 Lúnasa 2006.

Toghadh Michael Ahern, Léachtóir Sinsearach i gCuntasáíocht, mar Ardmhéara Chorcaí i Meitheamh 2006.

1.2 Ráiteas an Stiúrthóra

E. Bord Rialaithe

Soláthraíodh oiliúint fhoirmiúil don Bhord Rialaithe maidir le Ról agus Freagracht Rialachais agus maidir le hoibriúchán an Choiste Iniúchta.

Tabharfaidh Cinn Scoile Dhámh na hInnealtóireachta, Dhámh na hEolaíochta, Dhámh an Ghnó agus Dhámh na nDaonnachtaí chomh maith le Ceannasaithe na gColáistí Ceol-Scoil Chorcaí, Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford agus CNMÉ cur i láthair ar a Scoil nó Choláiste don Bhord Rialaithe an bhliain seo chugainn.

Cuirfear achoimre de gach cruinniú de chuid an Bhoird Rialaithe, bunaithe ar na miontuairiscí, ar inlín na foirne le cur in iúl don fhoireann go léir faoi oibriú an Bhoird Rialachais.

D'éirigh an chéad Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe ITC, an Clr Dónal O'Rourke as oifig i bhFeabhra 2006 tar éis 13 bliana a bheag nó a mhór de sheirbhís dhearscnaitheach a thabhairt.

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an Dr Paddy Caffrey, mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe ITC i Márta 2006 do thréimse cúig bliana.

F. Ealaíona agus Cultúr

Lean an Institiúid uirthi de bheith ag cuidiú leis na himeachtaí go leor a reáchtáladh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, Corcaigh 2005.

G. Nuálaíocht agus Taighde

Thosaigh oibríochtaí sa Rubicon, Ionad Nuálaíochta na hInstitiúide, in Eanáir 2006 agus tá sé áitithe go hiomlán anois.

D'oscail Ardmhéara Chorcaí Réadlann agus Ionad Taighde Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD) in Aibreán 2006. Tá bainistíocht fhoriomlán an RCCD agus an ionaid chuairteoirí lena mbaineann á athbhreithniú ag an Institiúid.

An Dr Brendan J. Murphy
Stiúrthóir



1.3 Ráiteas Comhionannais

Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta nach ndéanann idirdhealú ar inscne, stádas pósta, aois, míchumas, cine, dath, creideamh, bunús eitneach nó claonadh gnéasach.

Beidh sí ag obair i gcónaí chun cleachtais éagóracha a dhíbirt agus chun cultúr an chomhionannais san Institiúid a chur chun cinn agus a fhorbairt.

1.4 An Ghaeilge agus Cultúr na Gaeilge

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999) tá dualgas ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge, agus ar chaomhnú agus chothú chultúr na hÉireann chomh maith. Tá freagrachtaí áirithe ag ITC de thairbhe go bhfuil Gaeltachtaí ina réigiún. Tá roinnt mhaith oideachais dara leibhéal trí mheán na Gaeilge sa réigiún freisin ar mhian leis an Institiúid aird a thabhairt air. Anuas ar seo, cuireann ailt Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús leo le hordú ón Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, dualgais nua ar an Institiúid.

Tá coiste ón mBord Rialaithe, An Coiste Gaeilge, ann leis na blianta le cúnaimh a thabhairt don Institiúid maidir leis seo. Tá pleananna déanta aige cloí leis na riachtanais reachtúla, agus na pleananna seo ceadaithe ag an mBord Rialaithe. Ba chóir go mbeadh cúrsaí Gaeilge agus chultúr na Gaeilge san Institiúid ar bhonn níos proifisiúnta as seo amach, mar gheall ar mhéid agus castacht na hInstitiúide agus ar an réim atá inti d'fhorbairt fhorleathan.

rialachas

- 2.1 **Cairt Eagraíochta na hInstitiúide**
- 2.2 **Ballraíocht an Bhoird Rialaithe**
- 2.3 **Cruinnithe an Bhoird Rialaithe**
- 2.4 **Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)**
- 2.5 **Foireann Shinsearach na hInstitiúide**

2.2 Ballraíocht an Bhoird Rialaithe

Deachtaíonn Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, ballraíocht an Bhoird Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill, seachas beirt ionadaí mac léinn, do thréimse cúig bliana.

Ceaptar beirt ionadaí mac léinn do thréimhse bliana suas go dtí an 30 Meán Fómhair.

Is mar seo a leanas a bhí ballraíocht an Bhoird Rialaithe don Bhliain Acadúil 2005/06:

An Clr Donal O' Rourke, Cathaoirleach
(Ainmní an Aire Oideachais agus Eolaíochta)
(Go dtí an 6 Feabhra 2006)

An Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach
(Ainmní an Aire Oideachais agus Eolaíochta)
(Ón 13 Márta 2006 do thréimhse cúig bliana).

An Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir, ITC
(De bhrí Oifige)

Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.

Seisear ceaptha faoi Alt 4(1)(a) agus (b)

An Clr James A. Corr (Ainmní CG Chathair Chorcaí)
An Clr Deirdre Clune (Ainmní CG Chathair Chorcaí)
An Clr Terry Shannon (Ainmní CG Chathair Chorcaí)
Barra Ó Briain (Ainmní CG Chontae Chorcaí)
An Canónach G.A. Salter (Ainmní CG Chontae Chorcaí)
An Clr Aileen Pyne (Ainmní CG Chontae Chorcaí)

Beirt ceaptha faoi Alt 4(1)(c)

John Twohig (Ainmní den Fhoireann Acadúil)
An Dr Mary McCarthy (Ainmní den Fhoireann Acadúil)

Duine ceaptha faoi Alt 4(1)(d)

Peter Somers (Ainmní den Fhoireann Neamhacadúil)

Beirt ceaptha faoi Alt 4(1)(e)

James Maher (Ainmní Aontas na Mac Léinn) suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2005
Natalie Quinlan (Ainmní Aontas na Mac Léinn) suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2005
Jeremy Ó Murchú (Ainmní Aontas na Mac Léinn) suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2006
Sinéad O'Connell (Ainmní Aontas na Mac Léinn) suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2006

Duine ceaptha faoi Alt 4(1)(f)

Marie Kearney (Ainmní Chomdháil na gCeardchumann in Éirinn)

Cúigear ceaptha faoi Alt 4(1)(g)

Gerald M.J. Donovan (Ainmní Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
Denis Lucey (Ainmní Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teo.)
Valerie Gleeson (Ainmní na Comhairle Ealaíon)
An tSr Mary McDaid (Ainmní Chumann Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí na nIar-bhunscoileanna)
Billy O'Neill (Ainmní Innealtóirí Éireann)

2.3 Cruinnithe an Bhoird Rialaithe

Chas an Bord Rialaithe le chéile ar dhá ócáid déag ar leith sa tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2005 agus 31 Lúnasa 2006, lena n-áirítear ceithre chruinniú speisialta.

Chas siad ar na dátaí seo a leanas:

Dé Céadaoin 7 Meán Fómhair 2005 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 6 Deireadh Fómhair 2005

Déardaoin 3 Samhain 2005

Déardaoin 1 Nollaig 2005

Dé Luain 16 Eanáir 2006 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 2 Feabhra 2006

Déardaoin 2 Márta 2006

Déardaoin 23 Márta 2006 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 6 Aibreán 2006

Déardaoin 1 Meitheamh 2006

Déardaoin 6 Iúil 2006

Dé Luain 28 Lúnasa 2006 (Cruinniú Speisialta)

2.4 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

Bunaíodh agus bhí a chéad chruinniú ag Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide i Márta 2004. Is iad na feidhmeanna agus an ról atá aige ná:

Is coiste neamhrechtúil de chuid na hInstitiúide é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Is é an ról atá ag Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ná cuidiú leis an Stiúrthóir maidir le bainistíocht na hInstitiúide agus beartas na hInstitiúide a cheapadh le haghaidh faomhadh an Bhoird Rialaithe, lena n-áirítear cúrsaí acadúla, saincheisteanna oibriúcháin, na tuairisceáin bhliantúla agus na cláir agus buiséid don Institiúid. Is éard atá ann i mBord Feidhmiúcháin na hInstitiúide mar sin ná ionstraim sheasta de chomhairle inmheánach idir Oifig an Stiúrthóra agus bainistíocht shinsearach thar fheidhmeanna acadúla agus riaracháin go léir na hInstitiúide.

Is mar seo a leanas atá ballraíocht Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide:

An Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir
An Dr Michael Noonan, Príomhoifigeach Cúnta
Brendan Goggin, Cláraitheoir
Claire Sinnott, Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
Michael Delaney, Ceannasaí Forbraíochta
Liam Hodnett, Comhordaitheoir na hInnealtóireachta
Damien Courthney, Comhordaitheoir an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Michael Loftus, Comhordaitheoir na hEolaíochta*
Donal Burke, Ceannasaí, Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann
An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceol-Scoil Chorcaí
Geoff Steiner-Scott, Ceannasaí, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford

* Maidir le réimse na hEolaíochta, aontaíodh go nglacfaidh Ceann Scoile amháin sa réimse sin dualgais Chomhordaitheoir na hEolaíochta ar bhonn rothlach bliantúil.

Tagann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide le chéile ar bhonn coisíse agus ag amanna eile nuair is gá. Déanann an Stiúrthóir nó ainmní an Stiúrthóra laistigh den bhord cathaoirleacht air. Bíonn Rúnaí Taifeadta ann ag gach cruinniú chun sonraí na gcruinnithe a thaifeadadh. Scaiptear tuairiscí óna gcruinnithe go dtí an Bord Rialaithe.

2.5 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

Is comhcholáistí iad Ceol-Scoil Chorcaí, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford agus Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Stiúrthóir

An Dr Brendan J. Murphy, BA, MA, PhD, FSS, FICS, CEng, FIEI

Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide

Príomhoifigeach Cúnta

Cláraitheoir

Rúnaí/Rialtóir Airgeadais

Ceannasaí Forbraíochta

Comhordaitheoir Innealtóireachta

Comhordaitheoir an Ghnó agus na nDaonnachtaí

*Comhordaitheoir na hEolaíochta

Ceannasaí Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann

Stiúrthóir, Ceol-Scoil Chorcaí

Ceannasaí, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford

An Dr Michael Noonan, MSc, PhD, MIBiol

Brendan Goggin, BSc, HDipEd

Claire Sinnott, MA, BBS, DPA, FAA

Michael Delaney, MSc, MEd, MIBiol, HDipED, MICI, MESAI, ATCL

Liam Hodnett, ME, Eurlng, CEng, FIEI

Damien Courtney, BA, MA (Louv), MPhil (Louv), MIUSSP

Michael Loftus, BE, MEngSc, MICS

Donal Burke, CEng, FIMarE

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD

Geoff Steiner-Scott, BA

Ceann Taighde

An Dr Niall Smith, BSc, PhD

Bainisteoirí de na Seirbhísí Lárnacha

Bainisteoir Riaracháin agus Cúrsaí na Mac Léinn

Bainisteoir Foirgneamh Eastát

Bainisteoir Airgeadais

Bainisteoir Acmhainní Daonna

Bainisteoir Idirchaidrimh Tionscail

Bainisteoir TF

Eamon O'Connor

Kevin McCarthy, MSc, CEng, MIEI

John Cogan

Anthony Collins, MA, AIPM, MSAI

Josette O'Mullane, BComm

Diarmuid Brennan, BE, MSc

Leabharlannaí

Derry Delaney, BA, DLIS

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG:

INNEALTÓIREACHT

Comhordaitheoir na hInnealtóireachta

Liam Hodnett, ME, Eurlng, CEng, FIEI

Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta agus Foirgníochta:

Ceann Scoile (Gníomhach)

Ceann Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta,

Innealtóireacht Struchtúr agus Timpeallachta

Ceann Roinn na Tógála agus Ailtireachta

An Dr Joseph Harrington, BE, MS, PhD, CEng, FIEI, Eurlng, PE

Martin Mannion, ME, CEng, FIEI, FISE, Eurlng

An Dr Daniel Cahill, MSc, PhD, MRICS

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Próisis:

Ceann Scoile

Ceann Roinn na hInnealtóireachta Ceimicí agus Próisis

Ceann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla

Ceann Roinn na Déantúasaíochta,

Innealtóireacht Bhithleighis agus Saoráidí

Ceann na Roinne Iompair

agus Innealtóireacht Ghluaisteán

An Dr Barry O'Connor, BE, MEngSc, BCL, PhD, CEng, MIEI

John O'Shea, BEng, CEng, FICHEM, FIEI

Matt Cotterell, BE, MEd, CMfgE, MIEI, AMIMechE

Daithi Fallon, BE, MEngSc, CEng, MIEI, CQE

Donal Dempsey, MT, TechDip

Scoil na hInnealtóireachta Leictí agus Leictreonaí:

Ceann Scoile (Gníomhach)

Ceann Roinn na hInnealtóireachta Leictí (Gníomhach)

Ceann Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí

Barry Leach, MSc, Eurlng, CEng, FIEI, MCIBSE, MASHRAE, MIEE, MSL

An Dr Noel Barry, BE, ME, PhD, CEng, MIEI, MPES, MIAS

Irene Sheridan, BE (Elec), MEngSc, MIEI

2.5 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

GNÓ AGUS DAONNACHTAÍ

Comhordaitheoir an Ghnó agus na nDaonnachtaí Damien Courtney, BA, MA (Louv), MPhil (Louv), MIUSSP

Scoil Ghnó:

Ceann Scoile

An Dr Tom Rigney, FCCA, DiopEdAdmin, MBS, MA, MEd, Dochtúireacht

Ceann Roinn na Bainistíochta agus Margaíochta
Ceann Roinn na Cuntasáíochta agus Córas Faisnéise
Ceann Roinn an Oideachais Leantaigh
Ceann Roinn na nDeiseanna Oideachais

Brian McGrath, BComm, FCA, MMII

Gerard O'Donovan, BComm, MBA, MMII, MICS

Paul Mahony, FCA, FCPA, MBS

Marese Bermingham, BComm, HDipEd, HDipGC, MIGC

Scoil na nDaonnachtaí:

Ceann Scoile (Gníomhach)

Orla Flynn, BSc(Onór), MSc(Onór)

Ceann Roinn na Staidéar Sóisialta agus Ginearálta

Jim Walsh, BA, HDipEd, BCL, LLB, MEMI

Ceann Roinn Chumarsáid na Meán (Gníomhach)

Michael Murphy, NDip (Mínealaín), MA, MALT, MHAN

Ceann Roinn na Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais

Adrian Gregan, BA, MBS, Dip H&C Mgmt

Ceann Roinne DEIS

Ray Coughlan, BE (Elec), MEngSc, MIEI

*EOLAÍOCHT

Comhordaitheoir na hEolaíochta

Michael Loftus, BE, MEngSc, MICS

Scoil na hEolaíochta:

Ceann Scoile

An Dr Eamonn Cashell, BA (Mod), BSc, PhD, CPhys, MInstP

Ceann Roinn na Fisice Feidhmí agus Ionstraimíochta

An Dr Liam McDonnell, BSc, PhD, CPhys, FInstP

Ceann Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochta

An Dr Andrew Petersen, BSc, MSc, PhD, MRIA, MIB, MFSBI, MIWES, MIST

Ceann Roinn na Ceimice

An Dr John Wood, BSc, PhD, CChem, MRSC, FICI

Scoil na Ríomhaireachta agus Matamaitice:

Ceann Scoile

Michael Loftus, BE, MEngSc, MICS

Ceann Roinn na Ríomhaireachta

Jim O'Dwyer, BA (Mod), HDipEd, CEng, FICS, MBCS

Ceann Roinn na Matamaitice

Kevin Kelly, BSc, MSc, HDipEd

CEOL-SCOIL CHORCAÍ

Stiúrthóir

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD

COLÁISTE EALAÍNE AGUS DEARTHA CRAWFORD

Ceannasaí

Geoff Steiner-Scott, BA

COLÁISTE NAISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Ceannasaí

Donal Burke, CEng, FIMarE

* Maidir le réimse na hEolaíochta, aontaíodh go nglacfaidh Ceann Scoile amháin sa réimse sin le dualgais Chomhordaitheoir na hEolaíochta ar bhonn rothlach bliantúil.



cúrsaí acadúla agus cúrsaí mac léinn

- 3.1 **Ballraíocht na Comhairle Acadúla**
- 3.2 **Ballraíocht de Choiste Feidhmeannach na Comhairle Acadúla**
- 3.3 **Coistí na Comhairle Acadúla**
- 3.4 **Forbairt Acadúil**
- 3.5 **Cúrsaí Ceadaithe - Lánaimseartha**
- 3.6 **Cúrsaí Ceadaithe - Páirtaimseartha**
- 3.7 **Údaráis Bhailíochtaithe**
- 3.8 **Scrúdaitheoirí Seachtracha**
- 3.9 **Staitisticí Mac Léinn**
- 3.10 **Duaiseanna Mac Léinn**

3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Ceapadh baill reatha na Comhairle Acadúla i Márta 2004 agus fanfaidh siad in oifig do thréimhse trí bliana.

Bhí cúig chruinniú ag an gComhairle Acadúil sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2005 go dtí 31 Lúnasa 2006 mar seo a leanas:

Dé Céadaoin, 12 Deireadh Fómhair 2005

Déardaoin, 24 Samhain 2005

Dé hAoine, 3 Feabhra 2006

Dé Luain, 20 Márta 2006

Dé Máirt, 9 Bealtaine 2006

Is éard atá i mballraíocht Chomhairle Acadúil na hInstitiúide ná ná na baill foirne atá liostaithe thíos:

STIÚRTHÓIR

Brendan J Murphy

FOIREANN SHINSEARACH ACADÚIL

Adrian Gregan	Ceann Roinne Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais
Aiveen Kearney	Ceol-Scoil Chorcaí
Albert Walsh	Ceannaire, Oideachas, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Andrew Petersen	Ceann Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochta
Barry O'Connor	Ceann Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Proisis
Brian McGrath	Ceann Roinn na Bainistíochta agus Margaíochta
Candace Whitehead	Ceann, Sreanga, Ceol-Scoil Chorcaí
Daithí Fallon	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis agus Saoráidí
Damien Courtney	Comhordaitheoir an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Daniel Cahill	Ceann Roinn na Foirgníochta agus Ailtireachta
Donal Burke	Ceannasaí Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann
Donal Dempsey	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Iompair agus Gluaisteán
Eamonn Cashell	Ceann Scoil na hEolaíochta
Finbarr Leach	Ceann Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí (Gníomhach)
Gabriela Mayer	Ceann, Pianó, Ceol-Scoil Chorcaí
Geoff Steiner-Scott	Ceannasaí, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Geoffrey Spratt	Stiúrthóir, Ceol-Scoil Chorcaí
Gerard O'Donovan	Ceann Roinn na Cuntasaíochta agus Córas Faisnéise
Irene Sheridan	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí
Jim O'Dwyer	Ceann Roinn na Ríomhaireachta
Jim Walsh	Ceann Roinn na Staidéar Sóisialta agus Ginearálta
Joe Harrington	Ceann Scoil na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta (Gníomhach)
John O'Connor	Ceannaire, Gaothirlisí, Cnagadh, Amhránaíocht agus Drámaíocht, Ceol-Scoil Chorcaí
John O'Shea	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Ceimicí agus Próisis
John Wood	Ceann Roinn na Ceimice
Kevin Kelly	Ceann Roinn na Matamaitice
Liam Hodnett	Comhordaitheoir na hInnealtóireachta
Liam McDonnell	Ceann Roinn na Fisice Feidhmí agus Ionstraimíochta
Marese Bermingham	Ceann Roinn na nDeiseanna Oideachais
Maria Judge	Ceann, Cluas, Ceoltóireacht, Ceol-Scoil Chorcaí
Martin Mannion	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúr agus Timpeallachta
Matt Cotterell	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
Michael Loftus	Ceann Scoil na Ríomhaireachta agus Matamaitice/Comhordaitheoir na hEolaíochta*
Michael Murphy	Ceann Roinn Chumarsáid na Meán (Gníomhach)
Noel Barry	Ceann Roinn na hInnealtóireachta Leictrí (Gníomhach)
Orla Flynn	Ceann Scoil na nDaonnachtaí (Gníomhach)

3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Patricia Murphy	Ceann, Roinn Suzuki, Ceol-Scoil Chorcaí
Paul Mahony	Ceann Roinn an Oideachais Leantaigh
Paul Slíney	Éascaitheoir de Mhodúlú agus Sheimeastrú
Ray Coughlan	Ceann Roinne DEIS
Stuart White	Mínealaín, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Tom Rigney	Ceann Scoil Staidéar Gnó

FEIDHMEANNACH SINSEARACH

Brendan Goggin	Cláraitheoir
Claire Sinnott	Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
Michael Delaney	Ceannasaí Forbraíochta
Michael Noonan	Príomhoifigeach Cúnta

FOIREANN DE BHRÍ OIFIGE

Derry Delaney	Leabharlannaí
Edmund Riordan	Cláraitheoir Cúnta
John Twohig	Cathaoirleach den Bhord Staidéar Printíseach
Niall Smith	Ceann Taighde
Tadhg Leane	Éascaitheoir Plean Straitéisí

IONADAITHE NA MAC LÉINN

Eoghan Healy	Aontas na Mac Léinn
Jeremy Ó Murchú	Aontas na Mac Léinn
Natalie Quinlan	Aontas na Mac Léinn
Calvin Kissane	Aontas na Mac Léinn
Michael O'Connor	Aontas na Mac Léinn
Conor O'Farrell	Aontas na Mac Léinn

FOIREANN TOFA ACADÚIL

Aidan Coffey	Scoil na hEolaíochta
Áine de Róiste	Scoil na nDaonnachtaí
Bernard O'Callaghan	Scoil na hInnealtóireachta
Catherine Frehill	Scoil na hEolaíochta
Christine Pybus	Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Cliona Maguire	Scoil na Ríomhaireachta agus Matamaitice
Colette O'Brien	Ceol-Scoil Chorcaí
Des Walsh	Scoil na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta
Dirk Pesch	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonáí
Don Crowley	Scoil Ghnó
Eamonn Doyle	Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann
Eithne Farr	Scoil na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta
Gerard Kelly	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Proisis
Harvey Makin	Scoil na hEolaíochta
Jerimiah Murphy	Scoil na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta
John Gibson	Ceol-Scoil Chorcaí
John McCarthy	Scoil na hEolaíochta
Joseph Connell	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonáí
June O'Reilly	Scoil na nDaonnachtaí
Kevin Gill	Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Margaret Lane	Scoil na hEolaíochta

3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Mary McCarthy	Scoil na hEolaíochta
Maurice Murphy	Scoil Ghnó
Michael J O'Mahony	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Próisis
Michael O'Gorman	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí
Michael P Walsh	Scoil Ghnó
Michael Randles	Scoil Ghnó
Orla Boyle	Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Patricia Anderson	DEIS
Philip Curtin	Scoil na nDaonnachtaí
Raymond Looney	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí
Rita O'Donnell	Ceol-Scoil Chorcaí
Seamas de Barra	Ceol-Scoil Chorcaí
Stephen Cassidy	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Próisis
Thomas J Murray	Scoil na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta
Tim Horgan	Scoil na nDaonnachtaí
Tom Knox	Scoil na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta
Trina Scott	Ceol-Scoil Chorcaí
Vincent Ryan	Scoil na Ríomhaireachta agus Matamaitice
Violetta Morari	Scoil na Ríomhaireachta agus Matamaitice
William Corr	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Próisis

* Maidir le réimse na hEolaíochta, aontaíodh go nglacfadh Ceann Scoile amháin sa réimse sin le dualgais Chomhordaitheoir na hEolaíochta ar bhonn rothlach bliantúil.

3.2 Ballraíocht de Choiste Feidhmeannach na Comhairle Acadúla

Is é seo a leanas déanamh Choiste Feidhmeannaigh na Comhairle Acadúla:

1. An Stiúrthóir (de bhrí oifige)
2. An Cláraitheoir (de bhrí oifige)
3. Cathaoirligh Choistí na Comhairle Acadúla
4. Seacht mball ainmnithe den Chomhairle Acadúil, ar ionadaí mac léinn é duine acu

Is iad feidhmeanna an Choiste Fheidhmeannaigh ná:

- Gnó na Comhairle Acadúla a ordú, ina measc gach gné gnó a chainéalú ón gComhairle Acadúil agus a Coistí agus chucu. Beidh sé de cheart ag an gCoiste Feidhmeannach moltaí agus ráitis a thabhairt ar ghné ar bith ach ní bheidh sé de cheart acu í a leasú nó moill a chur léi. Ní bheidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmeannach cinneadh ar bith a dhéanamh thar ceann na Comhairle Acadúla. Má bhíonn ní ar bith ann a mbíonn an-phráinn leis, tionólfar cruinniú speisialta den Chomhairle Acadúil;
- Chun ceisteanna cuí a átreorú chuig Coistí na Comhairle Acadúla;
- Chun obair Choistí na Comhairle Acadúla a chomhordú;
- Chun cabhrú le cur i bhfeidhm chinntí na Comhairle Acadúla.

Cruinnithe Choiste Feidhmeannaigh na Comhairle Acadúla

- Is iondúil go mbíonn siad ann coicís roimh agus i ndiaidh chruinniú na Comhairle Acadúla agus ar uaireanta eile a mheastar a bheith riachtanach;
- Le córam muna mbíonn níos lú na leathchuid de bhaill den Choiste Feidhmeannach i láthair;
- Agus cathaoirleacht á dhéanamh ag an Stiúrthóir nó ionad an Stiúrthóra ón gCoiste Feidhmeannach air. Muna mbíonn an Stiúrthóir nó ionadaí an Stiúrthóra ann, ainmneoidh na baill atá i láthair Cathaoirleach gníomhach ón gCoiste Feidhmeannach;
- Taiifeadta ag an gCláraitheoir a bheidh ag feidhmiú mar Rúnaí an Choiste Fheidhmeannaigh. Muna mbíonn an Cláraitheoir ann, ainmneoidh na baill atá i láthair Rúnaí gníomhach ón gCoiste Feidhmeannach.

3.3 Coistí na Comhairle Acadúla

Chruthaigh an Chomhairle Acadúil na seacht gcoiste seo a leanas:

COISTE PLEANÁLA ACADÚLA

Stephen Cassidy (Cathaoirleach)

COISTE ATHRBHEITHNITHE ACADÚIL

Liam McDonnell (Cathaoirleach)

COISTE IONTRÁLA

Jim O'Dwyer (Cathaoirleach)

COISTE ACMHAINNÍ FOGHLAMA

Ray Coughlan (Cathaoirleach)

COISTE RIALACHÁN

Paul Sliney (Cathaoirleach)

COISTE TAIGHDE AGUS FORBARTHA

Jeremiah Murphy (Cathaoirleach)

COISTE BUANORDUITHE

Jim Walsh (Cathaoirleach)

3.4 Forbairt Acadúil

Modúlú agus Seimeastrú

Ghlac an Institiúid le creatlach do Mhodúlú agus Sheimeastrú de gach clár múinte, tríd an gComhairle Acadúil agus an mBord Rialaithe, agus ba é 2007 an spriocdháta chun é a thabhairt isteach. Glacadh leis an mbeartas tar éis sraithe de dhiospóireachtaí agus chomhairliúcháin. Ba é an creatlach do Mhodúlú agus Sheimeastrú go himlíneach ná:

- Seasca chreidiúint do bhliain de staidéar lánaimseartha
- Dhá sheimeastar chomhionanna de 30 creidiúint
- Ualach oibre foghlaimeora 1200 go 1300 uair in aghaidh na bliana
- Dhá sheimeastar a chuimsíonn 13 seachtain de sheachadadh, 2 seachtain de scrúduithe agus mheasúnachtaí, 2 seachtain de phróiseáil measúnachtaí agus scrúduithe
- Six mhódúl le cúig chreidiúint an ceann sa seimeastar
- Saor-rogha ag an mac léinn ar íosmhéid de mhódúl amháin (5 creidiúint) sa seimeastar
- Ba chóir go mbeadh gach módúl bunaithe ar norm de chúig thoradh foghlama, agus go ndéanfaí measúnú ar gach ceann díobh
- Uasmhéid de 4 scrúdú scríofa sa seimeastar. Mairfidh na scrúduithe 2 uair a' chloig.
- Tá Módúl Céim 1 Seimeastar 1 comónta don Institiúid uilig le cuimsiú i ngach clár staidéir atá deartha chun cabhrú leis an mac léinn dul ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal.

Cé gur glacadh leis an mbunchreatlach seo, bhí nósanna imeachta maolaithe ann freisin, go háirithe maidir leis an scrúdú scríofa agus le soláthar do shaor-roghanna.

Dámhachtainní Páirtaimseartha a chur ar an gCreatlach Náisiúnta

Éilíonn Acht na gCáilíochtaí go gcuirfí gach clár múinte atá á thairiscint ag an Institiúid ar an gCreatlach Náisiúnta agus go ndéanfaí bailí é. Cé go bhfuil sé seo curtha i gcrích ó 2004 do chlár lánaimseartha, bhí ar CDAO nósanna imeachta agus beartas a fhorbairt chun cúrsaí páirtaimseartha agus oíche a chur ann. Cheadaigh CDAO leasú ar Chóras Cáilíochta Acadúla ITC chun ceadú le bailíochtú clár mar seo agus tarmligeadh údarás don ITC dámhachtainní beaga, forlíontacha agus dámhachtainní d'fheidhm speisialta a dhéanamh.

Údarás a Tharmligean

Tharmlig CDAO údarás bronnta iomlán don Institiúid maidir lena Cláir Mhúinte ar fad suas go dtí leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) d'Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí i Meitheamh 2005.

Tharmlig CDAO údarás bronnta iomlán chun dámhachtainní a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar an 19 Meán Fómhair 2005, tharmlig Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (CDAO) údarás bronnta d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a gcéimeanna PhD féin a bhronnadh agus údarás bronnta leibhéil 8, 9 agus 10 á gcríochnú mar sin. Rinneadh an tarmligean le comhaontú an Údaráis Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn (ÚNCÉ) agus bhí feidhm aige maidir le réimsí léinn ina raibh an Institiúid creidiúnaithe le clár taighde a chothabháil. Tá cumhachtaí bronnta céime ag an Institiúid anois is féidir a chur i gcomparáid le hOllscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás bronnta go leibhéal PHD le taighde ceannródaíoch a fhorbairt go leanúnach in Eolaíocht agus in Innealtóireacht in ITC.

Roimh údarás a tharmligean ag na leibhéil seo, is é CDAO a bhronn Máistreachtaí agus Dochtúireachtaí taighde.

Athbhreithniú Cláir

Rinneadh Athbhreithniú Cláir ar chúrsaí Gnó faoi chathaoirleacht Peter Fuller, Iar-Cheann Gnó in IT Dhún Dealgan.

Cúrsaí Nua

Ceadaiódh na cláir nua seo a leanas sa bhliain acadúil 2005-2006:

- BSc (Onór) i Suirbhéireacht Chainníochta
- BSc (Onór) in Eolaíocht Loingseoireachta
- MA i dTeiripe Ealaíne
- BSc in Eolaíocht Bhithleighis
(*Roimhe seo Teastas na hInstitiúide in Eolaíocht Saotharlainne Míochaine*)
- BA (Onór) i mBainistíocht Acmhainní Daonna
- Ardteastas in Oibríochtaí Próisis Cheimicigh
- Máistreacht i Staidéar Gnó
- BSc (Onór) in Ailtireacht (comhchlár le COC)

3.5 Cúrsaí Ceadaithe - Lánaimseartha

SCOIL NA HEOLAÍOCHTA

Roinn na Fisice Feidhmí agus na hIonstraimíochta

Ardteastas Eolaíochta i bhFisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Eolaíochta i bhFisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhFisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i gCórais Eolais Ríomhairithe - Bliain 1, 2, 3 & 4
MSc (Fisic agus Ionstraimíocht)
PhD (Fisic agus Ionstraimíocht)

Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochta

Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Eolaíochta i mBia-Eolaíocht agus Teicneolaíocht
Baitsiléir Eolaíochta i mBitheolaíocht Cille agus Mhóilíneach
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sna Bitheolaíochta Feidhmeacha
Teastas in Eolaíocht Bithleighis - Bliain 1, 2 & 3
Baitsiléir Eolaíochta sna hEolaíochtaí Bithleighis - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Luibhe (ab initio) - Bliain 1
MSc (Bitheolaíocht)
PhD (Bitheolaíocht)

Roinn na Ceimice

Ardteastas Eolaíochta i gCeimic - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Eolaíochta i gCeimic Anailíseach agus Chógaisíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i gCeimic Anailíseach le Dearbhú Cáilíochta
MSc (Ceimic)
PhD (Ceimic)

SCOIL NA RÍOMHAIREACHTA AGUS MATAMAITICE

Ardteastas Eolaíochta i Ríomhaireacht - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht
Ardteastas Eolaíochta i Ríomhaireacht i dTacaíocht Teicneolaíocht an Eolais - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i dTacaíocht Teicneolaíocht an Eolais
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistíocht Seirbhísí Ríomhaire
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhFeidhmiúcháin Ríomhaire - Bliain 1, 2, 3 & 4
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhForbairt Bogearraí agus Líonrú Ríomhaire - Bliain 1, 2, 3 & 4
MSc (Ríomhaireacht)
PhD (Ríomhaireacht)

3.5 Cúrsaí Ceadaithe - Lánaimseartha

Scoil Ghnó:

Roinn na Cuntasaíochta agus Córas Faisnéise

Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht
Ardteastas Gnó i gCórais Eolais Oifige - Bliain 1 & 2
Ardteastas Gnó i gCuntasaíocht - Bliain 1 agus 2
Ardteastas Eolaíochta i dTalmhaíocht - Bliain 1 agus 2
Baitsiléir Eolaíochta i dTalmhaíocht
Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Eolais - Bliain 1, 2, 3 agus 4

Roinn na Bainistíochta agus Margaíochta

Ardteastas Gnó i gCuntasaíocht - Bliain 1 & 2
Baitsiléir Gnó i Margaíocht
Baitsiléir Gnó i mBainistíocht
Baitsiléir Gnó (Onór)
MBS

Roinn na nDeiseanna Oideachais

Chuir Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) agus roinnt comhpháirtithe AE iarratas rathúil faoi bhráid an AE faoin gclár Interrig IIB. Ba é an luach do CNMÉ ná €540,000.

DEIS

Maoiníodh DEIS d'ocht tionscadal dhifriúla faoi chláir éagsúla AE. Ba é luach na dtionscadal seo do ICT ná €852,000 agus bhreathnaigh siad ar réimsí cosúil le forbairt pobail trí spórt, creidiúnú scileanna ar líne, tacaíochtaí ríomhfhoghlama bunaithe ar an idirlíon d'fhoghlaim aonair, cleachtais do nualaíocht córais i dteagasc agus foghlaim agus cuspóirí foghlama a roinnt i ndearcadh oscailte.

Ionad Teicneolaíochta Glaine (ITC)

Bhí rath ar an Ionad Teicneolaíochta Glaine maidir le maoiniú a fháil ón nGíomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ón gCoimisiún Eorpach araon. Fuarthas maoiniú iomlán de €280,000.

Lárionad do Theicneolaíochtaí Ríomhaireachta Leabaithe (TRL)

Ceadaíodh maoiniú don Institiúid le Lárionad TRL a bhunú faoi Scéim um Fheabhsú an Taighde Fheidhmigh de chuid Fhiontraíocht Éireann. Feidhmeoidh an Lárionad seo mar idirphlé idir an Grúpa Gléasanna Oiriúnaitheacha gan Sreang agus an tionscal agus neartóidh sé an gníomhaíocht tráchtálaithe sa limistéar sin. Is é an costas iomlán atá ag TRL ná €1.25m agus táthar ag súil go mbeidh sé ag idirghníomhú le suas go 40 cuideachta ar bhonn leanúnach nuair atá sé faoi shiúl.

Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe

Bhog an Grúpa Réalteolaíochta agus Ionstraimíochta isteach ina n-áitreabh nua ag Caisleán na Carraige Duibhe. Beidh an chéad lárionad idirghníomhach eolaíochta a bhaineann le Réaltóireacht in Éireann lonnaithe sa Chaisleán i 2007.

Gníomhaíocht Tráchtála

Bhí rath ar ITC maidir le tairiscint a bhuachan chun sraith de "Chláir Túis Fiontraíochta" a reáchtáil i Réigiún an Iardheiscirt. Bhí na cláir seo chomh-mhaoinithe ag Fiontraíocht Éireann agus ag FÁS. Dearadh na cláir le dul i ngleic le bearna oiliúna i soláthar oiliúna do na daoine atá don chuid is mó i bhfostaíocht agus atá ag iarraidh tús a chur le fiontar nua.

Reáchtáladh oíche bronnta na nduaiseanna dheireadh na bliana don Chlár Fiontraíochta Genesis sa Foirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais agus ba é Michéal Martin, T.D. Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí i mbun na hócáide agus rinne pobal gnó an réigiúin freastal maith air. Rinne Ernst and Young, AIB agus roinnt Bord Fiontraíochta réigiúnach urraíocht ar na duaiseanna.

Gníomhaíocht Nuálaíochta Mac Léinn

- Reáchtáladh an 4ú duais ITC do Nuálaíocht i bhFeabhra. Bhí 18 foireann ildisciplín in iomaíocht don duaischiste de €5,000 agus don bhuantrófaí.
- Cuireadh na tionscadail rathúla ó Dhuais ICT do Nuálaíocht isteach i gComórtas Náisiúnta na mac léinn, Duaiseanna Mac Léinn Fhiontraíocht Éireann, Áit ar cuireadh tionscadal amháin ITC ar ghearrliosta go dtí ceann den chúig cinn dheireanacha sa tír.

Cumann Alumni ITC

Rinneadh Cumann Alumni ITC a athbheochan agus faoi Mheitheamh 2006 bhí breis agus 3,500 ball cláraithe aige.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí, ina measc, athaontaithe, lena n-áitítear lubhaile Óir Innealtóireachta Muirí (breis agus 350 duine i láthair) agus athsheoladh Craobh Nua-Eabhrac den Chumann.

Athbhrandáil ITC

Rinneadh cinneadh ITC a athbhrandáil agus gaireadh Coiste chun moltaí a dhéanamh agus a scrúdú maidir le híomhá chorparáideach nua agus barrtheideal a fhorbairt don Institiúid.

4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha

Clár Malartaithe Socrates/Erasmus

I rith 2005-2006 leanadh leis an bhforbairt ar na gníomhaíochtaí faoin gclár Socrates/Erasmus. Fuair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí an Chairt Ollscoile Socrates/Erasmus do 2003-2007, a chuireann ar chumas na hInstitiúide iarratas a chur isteach ar chistiú soghluaisteachta le malartuithe mac léinn agus foirne a mhaoiniú.

Ghlac, san iomlán, 27 mac léinn a bhí ag imeacht agus 110 a bhí ag teacht isteach, páirt sa chlár. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin faoi choinne naoi gcuairt teagaisc foirne faoin gclár.

Bhí baint ag na ranna seo a leanas leis an gclár malartaithe i rith na bliana acadúla seo:

- Fisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht
- Eolaíochtaí Bitheolaíochta
- Foirgníochta agus Innealtóireacht Shibhialta
- Staidéar Gnó
- Innealtóireacht Cheimiceach agus Phróisis
- Ceimic
- Innealtóireacht Leictreonach
- Ríomhaireacht
- Innealtóireacht Mheicniúil
- Staidéar Sóisialta
- Ealaín agus Dearadh
- Staidéar Loingseoireachta
- Ceol
- Cumarsáid na Meán

Tharla malartuithe le hinstitiúidí is comhpháirtithe iontu sna tíortha seo a leanas: An Bheilg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Íoslainn, an Ísiltír, an Ostair, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Ríocht Aontaithe, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

Meastar go leanfar den fhás agus den fhorbairt ó thaobh na gcomhpháirtíochtaí seo amach anseo.

Clár Leonardo da Vinci

Faoin chlár socrúcháin mhac léinn Leonardo, rinne cúigear mac léinn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ó Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochtaí agus Ceimice a socrúcháin oiliúna san Fhionlainn, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin agus san Fhrainc in Earrach na bliana 2006.

Scoláireacht Síochána George J Mitchell

Leanadh de pháirtíocht ITC sa chlár malartaithe scoláireachta seo, clár a bunaíodh i gcuimhne ar shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tháinig beirt mhac léinn as Maine faoi choinne seimeastair amháin agus chuaigh beirt mhac léinn ó ITC le staidéar a dhéanamh i gCeardcholaíste Maine Theas.

4.3 Forbairt Champais

Ionad Nuálaíochta ITC

Tugadh an Lárionad go ITC go déanach in 2005 agus ceapadh bainisteoir lánaimseartha. Bhog na chéad chliaint isteach sa Lárionad in Eanáir na bliana 2006. Ainmníodh an Lárionad an “Lárionad Rubicon” agus feidhmíonn sé mar aonad ar leith faoi úinéireacht ITC. D’oscail Michéal Ó Máirtín, T.D. Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Lárionad i Meitheamh 2006.

Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann

D’oscail Máire Ní hAinifín, an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Coláiste go hoifigiúil i Márta 2006.

Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe

D’oscail Ard mhéara Chorcaí Clr Deirdre Clune an Réadlann agus na háiseanna coimhdeacha i Meitheamh 2006.

Ionad na Mac Léinn

Tá feidhmeanna cosúil le reagrafaíocht agus comhairleoireacht á n-aistriú.

Bunaíodh Club Seirbhísí Mac Léinn ag féachaint chuig béar club a oibriú in Ionad na Mac Léinn. Bhronn an Chúirt Dúiche iarratas ar Chlárú Chlub ar an 11 Iúil 2006.

An tIonad Riaracháin

Cuireadh tús leis an bhfoirgneamh a áitiú i Lúnasa 2005 agus thar na míonna ina dhiaidh sin cuireadh gach cuid de in úsáid.

Foirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais

D’eisigh an tAiltire Deimhnithe Páirtseilbhe ar an 1 Meán Fómhair 2005, 30 Meán Fómhair 2005 agus ar an 21 Nollaig 2005. Eisíodh deimniú Críochnaithe Phraiticiúil ag an

Ailtire ar an 6 Feabhra 2006. D’aistrigh foireann acadúil go dtí oifigí san fhoirgneamh nua i Meitheamh 2006 agus aistríodh trealamh in Iúil 2006. Cuireadh tús le seomraí ranga an fhoirgnimh a úsáid i Meán Fómhair 2005.

Oibriúcháin Forbartha na nÁiseanna Spóirt

Is féidir imirt ar an dá pháirc nua anois agus tá cuaille báire le cur suas orthu go gairid. Leaneadh le forbairt na dtrí pháirc de bhrat talún gainimh. Cuireadh crainn darach na hÉireann ar bhruach oirthuaiscirt na páirce rugbaí.

Chas an tAire Ealaíon Cultúir agus Spóirt, John O’Donoghue TD an chéad fhód d’fhorbairt na chéad chéime den ardán féachana ar an Déardaoin 24 Samhain 2005 agus an Cathaoirleach, an Stiúrthóir agus scothaicme mac léinn den lucht spóirt i láthair.

Naíolann

Toisc go raibh na cistí a bhí ar fáil i bhfad níos lú ná costas tairisceana na naíolainne a bhí pleanáilte do Champas Bhaile an Easpaig, cuireadh an tionscadal ar feitheamh go dtí go bhfaighfear réiteach ar an bhfadhb mhaoinithe.

Tuairisc an Ghrúpa um Dháileadh Spáis

Bhunaigh an Stiúrthóir Grúpa um Leithdháileadh Spáis chun moltaí a dhéanamh maidir le spás a leithdháileadh tar éis an aistrithe go dtí foirgnimh nua an champais thuaidh.

Stádas Bruscair Champas Bhaile an Easpaig

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Gnó na hÉireann i gCoinne Bruscair faoi Champas Bhaile an Easpaig i dtuairisc ar a shuirbhé bruscair ar fud na tíre:

I.T.C. Glan go dtí Noirm na hEorpa.

Suíomh den scoth a bhí ann. Tá na caighdeáin arda cothaithe aige a baineadh amach i suirbhéanna bruscair roimhe seo. Is léir go bhfuil meas ag na mic léinn ar an gceantar agus go dtugann na daoine a bhfuil sé faoina gcúram aire mhaith dó. Is cinnte go bhfuil ag éirí go geal leis an gcur chuige críochnúil ó thaobh bruscair a bhainistiú.



An “Lárionad Rubicon”

4.4 Bainsitíocht Slándála agus Saoráidí

Sláinte agus Sábháilteacht

Bunaíodh Coiste Sábháilteachta “Sceideal 4” agus ballraíocht aige a léiríonn na catagóirí leathana foirne i gCampas Bhaile an Easpaig.

Cuireadh tús le Plean Sláinte agus Sábháilteachta a chur i bhfeidhm. Bhí clár oilúna foirne a raibh oiliúnóirí inmheánacha agus seachtracha fostaithe ann mar chuid lárnach den phlean. Cuireadh dhá dhífhibrileoir isteach agus tugadh an oiliúnt riachtanach don fhoireann d’fhonn iad a úsáid.

Forbraíodh Plean Sláinte agus Sábháilteachta do Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i gcomhairle leis na páirtithe lena mbaineann.

Feabhsaíodh leibhéal shoilsithe an phríomhfhoirgnimh agus uasghrádaíodh an soilsíú éigeandála chun cloí le IS:3217:1987, agus uasghrádaíodh an córas Aláirim Dhóiteáin chun cloí le IS:3218:1989.

Fuair ceathrar ball foirne is fiche oiliúint Múchtóra Dhóiteáin / Comhraic Dhóiteáin.

Cuireadh córas ceadúnais oibre i bhfeidhm maidir le hobair i ngach áit ina raibh seomra lascanna. Bunaíodh Coiste Slándála, le téarmaí tagartha agus comhdhéanamh aontaithe.

Cuireadh tús le Plean Slándála a fhorbairt do Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford (CEDC).

Athbhreithniú ar an Máistirphlean

Coimisiúnaíodh máistirphleanálaithe campais chun Campas Bhaile an Easpaig a leasú d’fhonn an suíomh is oiriúnaí agus is cuí a aithint do Shíneadh na Leabharlainne. Cheadaigh Coiste Forbartha an Bhoird Rialaithe an Máistirphlean Campais leasaithe a léiríonn suíomh Shíneadh na Leabharlainne molta idir an príomhfhoirgneamh agus Ascaill Rosa.

Bonneagar TF

Cuireadh tús le hobair deartha ar uasghrádú bhonneagar TF na hInstitiúide sa phríomhfhoirgneamh, agus bhí an chéad chéim deartha le tráidirí cáblaí a chur isteach agus seomraí cumarsáide nua a ullmhú a fheidhmeadh mar mhoil áitiúla.

pearsanra

5.1 Tuarascáil Phearsanra

5.2 Líon Foirne

5.3 Éachtaí Foirne

5.1 Tuarascáil Phearsanra

Líon Foirne

Le linn 2005/06 mhéadaigh líon foirne na hInstitiúide, idir lánaimseartha agus páirtaimseartha ó 1468.5 go 1517.5 arb ionann agus 986.97 Coibhéis Lánaimseartha (WTE). Is í an chatagóir foirne is mó ná Foireann Acadúil a chuimsíonn 75% an lín (67% de WTE).

Tá eolas breise faoi líon na foirne ar fáil sa chéad mhír eile den tuarascáil.

Foireann a chuaigh ar scor

Scoir na daoine seo a leanas as oifig i rith na bliana:

Michael Ahern, Léachtóir Sinsearach, Cuntasaíocht agus Córais Eolais
Joy Birkby, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Bainistíocht agus Margaíocht
Daniel C Burke, Ceanaire an Choláiste, Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann
Donal Dempsey, Ceann Roinne, Innealtóireacht Iompair agus Gluaisteán
Marianne Gallagher, Léachtóir, Bainistíocht agus Margaíocht
Timothy Looney, Léachtóir, Innealtóireacht Iompair agus Gluaisteán
Finbarr Mohally, Léachtóir, Cuntasaíocht agus Córais Eolais
Finbarr Nott, Léachtóir, Innealtóireacht Iompair agus Gluaisteán
Derry Sheehan, Innealtóireacht Déantúasaíochta, Bhithleighis agus Saoráidí
Eamonn Wall, Léachtóir Sinsearach, Eolaíochtaí Bitheolaíochta




An Stiúrthóir, Brendan J. Murphy ag bronnadh suaitheantais ar shon foireann na hInstitiúide ar Dónal Burke ar dhul ar scor dó ag Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann.

5.2 Líon Foirne


Líon Iomlán Foirne

	Fir	Mná	Iomlán
Buan	462.00	231.00	693.00
Sealadach WTE	<u>141.98</u>	<u>151.99</u>	<u>293.97</u>
	<u>603.98</u>	<u>382.99</u>	<u>986.97</u>



Foireann de réir Catagóire


	Fir	Mná	Iomlán
Bainistíocht	8.00	2.00	10.00
Acadúil	455.89	208.32	664.21
Riarachán	17.92	101.99	119.91
Tacaíocht	<u>122.17</u>	<u>70.68</u>	<u>192.85</u>
	<u>603.98</u>	<u>382.99</u>	<u>986.97</u>



5.2 Líon Foirne

Foireann de réir Inscne

	Buan	Sealadach WTE	Iomlán
Fir	462.00	141.98	603.98
Mná	231.00	151.99	382.99
	<u>693.00</u>	<u>293.97</u>	<u>986.97</u>



5.3 Éachtaí Foirne

Bhain an fhoireann na héachtaí seo a leanas amach sa bhliain acadúil 2005/06:

- John Pearson, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais a fuair Gradam Saoil ó Chumann Freastalaithe Beáir na hÉireann as ucht a chúnamh don tionscal.
- Hugh Lorigan, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford a chríochnaigh dealbhóireacht cheirmeach mhórsála do Chomhairle Contae Lú, suite i Drumleer, Co. Lú.
- Padraig Trehly, Léachtóir Páirtaimseartha Pro-Rata, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford a taispeánadh a scánnán "The Kings of Cork City" ag Fleadh Scannán na Gaillimhe agus ag Féile Scannán Chorcaí.
- Edel Sullivan, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Ceol-Scoil Chorcaí, a d'eisigh a céad albam aonair fíde 'In Time Of' a moladh go hard sa tír seo agus thar lear.
- Regina Crowley, Léachtóir, Ceol-Scoil Chorcaí a stiúraigh Amharclann Óige Ceol-Scoil Chorcaí i léiriú de "The Incredible Shoemaker's Wife" ag Amharclann Rory Gallagher, Campas Bhaile an Easpaig.
- Tim Horgan, Léachtóir, Roinn na Ríomhaireachta a bhunaigh Scoil Fhíorúil le cur ar chumas múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile araon i gceantar Chorcaí eispéireas foghlama fíorúil a chruthú dá ndaltaí. Is tionscadal uathúil é an tionscadal seo toisc gurb é seo an chéad uair in Éirinn go raibh grúpaí daltaí as na hearnálacha iarbhunoideachais agus bunoidheachais rannpháirteach go gníomhach i dtimpeallacht foghlama fhíorúil.
- Tom O'Connor, Léachtóir Cúnta, an Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta a chuir leabhar den teideal "Social Care in Ireland: Theory, Policy and Practice". in eagar. Seoladh an leabhar seo ar an 4 Bealtaine san Fhoirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais.
- I measc na mball foirne ar bronnadh céimeanna orthu le linn na bliana acadúla bhí:
 - David Cadogan, MEngSc
 - Dan Collins, Máistir in Oideachas
 - Glynis Dennehy, Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna
 - David Flannery, PhD i Matoideachas
 - Lorraine Howard, PhD i bhFealsúnacht
 - William Kavanagh, Máistir i bhForbairt agus Foghlaim Aosach
 - Andrea McCarthy, Máistir Eolaíochta i dTeiripe Shaothair
 - Brian O'Rourke, MEngSc
 - John Vallery, Máistir i Seinm Téaduirlice Clasaicí

Ceapacháin Nua

Cuireadh in iúl gur ceapadh an fhoireann seo a leanas sa bhliain acadúil 2005/2006:

- Clive Atkinson, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Iompair agus Gluaisteán
- Colm Barry-Murphy, Léachtóir Cúnta, Roinn na Bainistíochta agus Margaíochta
- Trish Brennan, Léachtóir Cúnta, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
- Sally Bryan, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis agus Saoráidí
- An Dr Daniel Cahill, Ceann Roinne, Roinn na Foirgníochta agus Ailtireachta
- Roderick Cooke, Léachtóir, Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann
- Sinéad Corcoran, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúr agus Timpeallachta
- Colin Donoghue, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúr agus Timpeallachta
- Adrian Greagan, Ceann Roinne, an Roinn Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais
- James Hayes, Léachtóir Cúnta, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
- Trevor Hogan, Léachtóir Cúnta, Roinn Chumarsáid na Meán
- Mary MacSweeney-Silhanek, Léachtóir Cúnta, Ceol-Scoil Chorcaí
- An Dr Barry O'Connor, Ceann Scoile, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Próisis
- An Dr James O'Mahony, Léachtóir Cúnta, Roinn na nEolaíochtaí Bithleolaíochta
- Caroline O'Reilly, Léachtóir Cúnta, Roinn na Cuntasaíochta agus Córas Faisnéise
- An Dr Shane O'Rourke, Léachtóir Cúnta, Roinn na Matamaitice
- Patrick O' Shaughnessy, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Iompair agus Gluaisteán
- Valerie Renehan, Léachtóir Cúnta, Roinn Chumarsáid na Meán



tuarascáil airgeadais

6.1 Tuarascáil Airgeadais

6.2 Cuntais Iniúchta 2005/2006

6.1 Tuarascáil Airgeadais

Tá an Institiúid faoi rialú ag Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, a rinne soláthar do gach áis agus fiachas a bhain leis an gcoláiste a aistriú ón CG chuig an gcoláiste . Rinneadh Comhlacht Reachtuil den Institiúid le héifeacht ón 1 Eanáir 1993.

Torthaí

Ba é toradh don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2006 ná barrachas de €1.24m. Ach mar a gheall ar aistriú go dtí an Cúlchiste Srianta agus go dtí lontaobhas na nÁiseanna Spóirt is €375,000 a bhí sa bharrachas carntha.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa, 2006 agus cheadaigh sé iad gan cheist ar an 25 Bealtaine 2007. Tá an Tuarascáil uaidh le léamh i mír 6.2.3.

Ioncam

€84.2m a bhí in ioncam na tréimhse agus ba í Deontas Stáit €52m (62%) an chuid ba mhó de. Bhí táillí teagaisc de €11.2m (13%) as a d'íoc an Roinn €7.8m de mar chuid den Scéim Táillí in Aisce. Chuir Taighde agus Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe eile €5.5m (6.5%) breise leis.

Caiteachas Caipitil

Ba €9.8m, a bhí i gCaiteachas Caipitil na bliana, an chuid is mó de (€6.7m) a bhaineann le foirgnimh atá á dtógáil.

Caiteachas Reatha

Tháinig méadú 10.8% ar chaiteachas reatha iomlán na hInstitiúide don tréimhse agus is ag €82.96m atá sé faoi láthair. Ba é an chuid ba mhó de seo ná an bille pá arb ionann agus €58m (70%) don bhliain é.

Taighde agus Forbairt

Tá caiteachas ar ghníomhaíochtaí R&D ag brath ar mhaoiniú a fháil ó ghníomhaireachtaí seachtracha trí bhabhtaí maoinithe iomaíocha. Leanann an t-ioncam seo de bheith ag méadú go rianúil agus tháinig méadú de thart ar 18% air thar an bhliain roimhe sin agus seasann sé faoi láthair ag €5.5m.

6.2 Cuntais Iniúctha

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Clár Comhardaithe

Ráiteas Sreabhadh Airgid

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Dualgais i leith Córais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Aithníonn an Bord Rialaithe a dhualgais lena chinntiú go gcaomhnaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Is éard atá sa chóras rialaithe inmheánaigh ná na próisis sin a mbaintear feidhm astu leis na mórghuaiseanna a bhíonn roimh Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a gnóthaí a bhainistiú aici, a shainiú, a mheas agus a bhainistiú. Cuireadh an córas le chéile le guais a bhainistiú in áit í a chealú, ag aithint gur féidir dearbhú réasúnta agus ní iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear acmhainní, go gceadaítear bearta agus go ndéantar taifeadh mar is cuí orthu, agus go gcealaítear nó go n-aithnítear in am meancóga ábhartha nó nithe neamhrialta.

Príomhnósanna Imeachta Rialacháin

- Nósanna imeachta agus rialacháin airgeadais a bheith i bhfoirm cáipéise, i bhfeidhm agus suas chun dáta.
- Athbhreithniúcháin rialta ag an mBord Rialaithe ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla, ina measc feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Treoirilínte rialacháin a léiríonn infheistíocht chaipitil go soiléir.
- Tá Coiste Iniúcháireachta, le cairt iniúchta shainmhínithe ann a bhfuil téarmaí tagartha soiléire aici a théann i mbun saincheisteanna rialaithe ar leith agus a fhaigheann na tuarascálacha ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá an Bord Rialaithe i mbun guaiseanna gnó a aithint agus a luacháil faoi láthair.


Tá feidhm iniúchta foinsithe allamuigh ag Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir an Creatchód Cleachtais a leagadh amach sa chód Cleachtais um Rialú Eagraíochtaí Stáit. Forbraíodh straitéis inmheánach iniúchta don bhliain 2006-2008 bunaithe ar mheasúnacht riosca. Tá an straitéis iniúchta seo faomhaithe ag an gCoiste Inmheánach Iniúchta agus ag an mBord Rialaithe.

Tagann an Coiste Iniúchta agus na hIniúcháirí Inmheánacha le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an obair san Iniúchadh Inmheánach, ina mbíonn tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Is éard atá sa chreatlach ná 13 príomhghníomhaíocht airgeadais agus aithníonn sé seiceálacha ba chóir a dhéanamh go rialta chun éifeacht na timpeallachta rialaithe inmheánaí airgeadais a mheas.


Tá an Bord Rialaithe a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair Cheann na hIniúcháireachta Inmheánaí, An Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair na hIniúcháireachta Inmheánaí, an Stiúrthóir, Feidhmeannas na hInsitiúide agus Bainisteoirí in Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil sé de dhualgas orthu forbairt agus cothabháil an chreatlaigh rialaithe airgeadais a stiúradh, agus tá sé curtha ar an eolas freisin ag aischothú ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Dearbhaímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais maidir le rialacháin inmheánacha airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Stiúrthóir

6.2.2 Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide


De réir Alt 16 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, caithfidh an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm ar bith is a bhféadfadh an tAire Oideachais agus Eolaíochta a fhaomhadh le comhthoil an Aire Airgeadais agus caithfear iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo a ullmhú, tá dualgas ar an Institiúid:

- Beartais chuntasaíochta chúí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas muna bhfuil an bonn sin oiriúnach
- Eolas agus míniú a thabhairt ar dhifríochtaí ábharacha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme

Tá sé de dhualgas ar an Institiúid freisin leabhair cuntais chearta a choinneáil a léiríonn go measartha mion agus ag am ar bith seasamh airgeadais na hInstitiúide agus a ligeann di a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 16 den Acht. Tá sé de dhualgas freisin ar an Institiúid a cuid acmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus gnéithe eile neamhrialta a aithint agus a chosc.



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Stiúrthóir

6.2.3 Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2006 faoi Acht na gColáistí Teicniúla Reigiúnacha 1992.

Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, ná Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na nótaí lena mbaineann.

Cúram Faoi Seach na hInstitiúide agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Institiúid freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir na bPrionsabal Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn. Tá dualgais chuntasaíochta Bhaill an Bhoird Rialaithe leagtha amach i Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide.

Tá sé de dhualgas orm na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas dleathach agus na riachtanas rialála lena mbaineann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire).

Tugaim mo bharúil cé acu fíor agus cothrom nó nach ea an tuairim atá sna ráitis airgeadais, de réir na bPrionsabal a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn. Tugaim mo bharúil freisin cé acu an raibh nó nach raibh leabhair chearta chuntasaíochta coinnithe. Chomh maith leis sin, dearbhaím cibé acu an aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntasaíochta nó nach n-aontaíonn.

Tuairiscím ar aon ásc ábhartha nár úsáideadh airgead don chuspóir beartaithe, nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdarais atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte agam atá riachtanach do m'iniúchadh.

Athbhreithním cibé acu an léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na hInstitiúide leis an dréacht-treoir ar rialachas corparáideach a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta nó nach léiríonn agus tugaim tuairisc ar ásc ábhartha ar bith ina sáraítear í, nó tugaim tuairisc air má bhíonn an ráiteas contráilte nó ar neamhréir le heolas ar bith eile atá agam ón iniúchadh a rinne mé ar na ráitis airgeadais. Ní gá dom a mheas cibé an glúdaíonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais na guaiseanna agus rialacháin airgeadais uile, nó nach glúdaíonn, nó éifeachtacht nósanna guaise agus rialacháin a mheas ach an oiread.

Bunús Tuairime Iniúchta

Agus mé ag feidhmiú mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire) eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriúcháin a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát.

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná scrúdú, ar bhonn scrúdaithe, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna, na faisnéisí agus an rialtacht na n-idirbhearta airgeadais atá sna ráitis airgeadais. Ann freisin tá measúnacht ar na meastacháin shuntasacha agus na breithiúnais a rinneadh agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cibé acu an mbíonn nó nach mbíonn beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hInstitiúide, curtha i bhfeidhm go seasta agus nochtaithe go soiléir.

Phleanáil agus thug mé faoin iniúchadh ionas go bhfaighfinn gach eolas agus míniú a mheas mé a bheith riachtanach d'fhonn go leor eolais a fháil chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítis ábhartha, bíodh caolaíocht nó ní eile neamhrialtá nó earráid ba chúis leo. Agus an tuairim seo á cur le chéile agam rinne mé luacháil ar leorgacht fhoriomlán an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

De réir mo bharúla, tá na ráitis airgeadais fíor agus cothrom de réir na bPrionsabal Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn, maidir leis an tslí a bhfuil cúrsaí na hInstitiúide ar an 31 Lúnasa 2006 agus lena hioncam agus lena caiteachas don bhliain dar chríoch ansin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chearta chuntasaíochta. Aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntasaíochta.

John Purcell
an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Bealtaine 2007

6.2.4 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Intreoir

Bunaíodh Insitiúid Teicneolaíocht Chorcaí in 1974 agus d'fheidhmigh sé faoi stiúir Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí (CG) go dtí 31 Nollaig 1992 de réir sholáthar na nAchtanna Gairmoideachas. Tar éis teacht i bhfeidhm Acht na gColáistí Teicniúla Reigiúnacha 1992, rinneadh Comhlacht Reachtúil den Institiúid le héifeacht ón 1 Eanáir 1993. Rinne an tAcht soláthar do gach acmhainn agus fiachas a bhain leis an Institiúid a aistriú ón CG chuig an Institiúid. Athraíodh an t-ainm An Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Corcaigh go hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí le hordú ón Aire Oideachais agus Eolaíochta ar an 18 Nollaig 1997.

1. Bunús na Cuntasaíochta

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2005 go dtí 31 Lúnasa 2006.

2. Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabail cuntasaíochta a nglactar go coitianta leo de réir coinbhinsiúin an chostais stairiúil (ach amháin réadmhaoin faoi leith a chuirtear ann ag am luachála) agus de réir riachtanas an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

3. Deontais Stáit

Is é An Roinn Oideachais agus Eolaíochta a thugann deontas stáit do chaiteachas athfhillteach amach gach bliain féilire. Is é an deontas a thuairiscítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an méid an dheimhníonn an Roinn a bheith cuí don bhliain acadúil lena mbaineann, mar atá ag dáta faomhaithe na ráiteas airgeadais.

Bronann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deontais stáit i leith mionobreacha caipitiúla gach bliain féilire. Tá an deontas atá luaite sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais den mhéid oiriúnach don bhliain acadúil lena mbaineann agus cinntithe ar bhonn ama cionranna.

Bíonn deontais stáit le haghaidh caiteachais chaipitil (ina measc deontais do chuspóirí athfhillteacha a mbaintear feidhm astu le trealamh a cheannach agus do mhionobriúcháin) caipitlithe agus creidiúnaithe chun ioncaim thar shaolré fóna na n-acmhainní lena mbaineann.

4. Deontais Taighde agus Conarthaí

Bíonn deontais taighde agus maoiniú conarthaí cuimsithe in ioncam na bliana ina dtarlaíonn an costas lena mbaineann. Déantar soláthar iomlán do chailleanais intuartha.

Bíonn deontais taighde agus conarthaí a úsáideadh le hacmhainní inláimhsithe buana a cheannach caipitlithe agus creidiúnaithe chun ioncaim thar shaolré fóna measta na n-acmhainní lena mbaineann.

5. Stoic

Gearrtar caiteachas ar leabhair nó ar stoic inchaite chuig an gcuntas loncaim agus Caiteachais de réir mar a tharlaíonn sé.

6. Acmhainní Inláimhsithe Buana agus Luachlaghdú

Meastar acmhainní inláimhsithe buana ach amháin talamh ag costas stairiúil nó ag luach lúide luachlaghdú carnach Meastar costas talún ar chostas stairiúil nó luach.

(a) Costas nó Luach

Deimhnítear acmhainní inláimhsithe buana a bhíonn ann ar 1 Eanáir 1993 (dáta ordaithe tosaithe) ag am luachála. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 15. Dearbhaíodh breisiúcháin ina dhiaidh sin ar chostas.

(b) Luachlaghdú

Cuirtear luachlaghdú ar fáil ar acmhainní inláimhsithe buana (seachas talamh) ar bhunús líne dhírigh lena gcostais stairiúla nó a luachanna thar a saolréanna fóna measta a ghlanadh.

Is iad seo a leanas na saolréanna fóna measta a bhíonn ag acmhainní inláimhsithe buana:

	Blianta
Foirgnimh	30 – 50
Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra	10
Mór-Ríomhairí	7
Trealaimh ríomhaireachta eile	4
Trealamh oideachais agus riaracháin	5
Troscán	5
Mótarfheithiclí	5
Trealamh ar leith le haghaidh tionscadal taighde	Saolré Tionscadail

6.2.4 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

7. Acmhainní Léasaithe

Faoi threoir na Rannóige Oideachais agus Eolaíochta léirítear costas caipitil na n-acmhainní a fuarthas faoi léasanna airgeadais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse inar tugadh faoin léas. Tá an costas caipitil i measc na n-acmhainní buana freisin.

8. Airgeadra Coigríche

Aistrítear bearta in airgeadra coigríche chuig Euro agus déantar taifead orthu ag rátaí malairte a bhíonn ann ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear acmhainní airgeadais agus fiachais in airgeadra coigríche chuig Euro ag na rátaí malairte a bhíonn ann ag dáta an Chláir Chomhardaithe nó ag rátaí réamhchonartha má bhíonn conarthaí den chineál sin i bhfeidhm.

9. Pinsin

Bronntar gach teidlíocht pinsin foirne faoi réir scéime sainithe sochar a bunaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980 agus comhlíonann an Státchiste dualgais i leith pinsean de réir mar a bhíonn siad ann.

Coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais na bhfostaithe.

Ní dhéanann an Institiúid rannaíocaíocht chuig an scéim agus níl dualgas ar bith uirthi maidir le teidlíochtaí.

10. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach ioncam gan amúchadh a leithdháiltear le haghaidh maoiniú caipitil.

11. Cúlchiste Srianta

Seasann an cúlchiste seo do na méideanna a chuirtear i leataobh ó na Táillí Cláraithe a íocann mic léinn agus maoiniú ó thriú páirtithe i dteannta le hús bainc a tuilleadh ar an airgead seo, airgead a chaithfear ar sholáthar áiseanna Mac Léinn agus forbairt fhadtéarmach na hInstitiúide.

12. Iontaobhas Áiseanna Spóirt

In 2002 bhunaigh an Institiúid Iontabhas Áiseanna Spóirt. Seasann an cúlchiste seo do na méideanna a chuirtear i leataobh ó na táillí Cláraithe a íocann mic léinn agus cistí ó fhoinse eile i dteannta le hús bainc a tuilleadh ar an airgead seo, airgead a chaithfear ar sholáthar áiseanna spóirt don Institiúid.

13. Táillí Cláraithe na Mac Léinn

Baintear feidhm as táillí chun Áiseanna agus Conláistí Mac Léinn a mhaoiniú le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002 ar aghaidh, faoi threoir na Rannóige Oideachais agus Eolaíochta, baintear úsáid as cuid de tháille gach mic léinn (€330) chun caiteachas ginearálta athfhillteach na hInstitiúide a mhaoiniú. Aistrítear airgead ar bith iarmharach chuig an gCúlchiste Srianta.

14. Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn

Faightear maoiniú ón Údarás Ardoideachais do Chiste Cúnaimh Mac Léinn agus do Chiste Míchumais. Tá airgead a faightear liostaithe mar Ioncam Eile agus tugtar chun ioncaim é sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas lena mbaineann.


6.2.5 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2006

IONCAM	NÓTA	2006 €000	2005 €000
Deontas Stáit Athfhillteach	1	52,046	48,346
Scaoileadh ó Chuntas Caipítíl		6,157	3,669
Táillí Teagaisc	2	11,241	10,590
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú	3	5,492	4,666
Ús ar Ioncam	4	125	218
Táillí Cláraithe na Mac Léinn	5	4,227	4,379
Ioncam Eile	6	<u>4,912</u>	<u>4,136</u>
		<u>84,200</u>	<u>76,004</u>
 CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	7	51,249	48,048
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	8	1,345	1,261
Áitreabh	9	6,227	5,897
Riarachán Lárnach	10	10,573	9,597
Caiteachas Oideachais Ginearálta	11	246	280
Áiseanna agus Conláistí Mac Léinn	12	1,673	1,401
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú	3	5,493	4,666
Luachlaghdú	15	6,157	3,669
	13	<u>82,963</u>	<u>74,819</u>
Barrachas Oibriúcháin		1,237	1,185
Aistriú chuig Cúlchiste Srianata		(105)	(117)
Aistriú chuig Iontaobhas Áiseanna Spóirt		(936)	(814)
Barrachas/ (Easnamh) Carntha ag tús na bliana		<u>179</u>	<u>(75)</u>
Barrachas Carntha ag deireadh na bliana		<u>375</u>	<u>179</u>


Níl cailteanas nó gnóchan aitheanta ar bith ann seachas na cinn atá pléite sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Tá Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-29 mar chuid de na ráitis airgid.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Stiúrthóir

6.2.6 Clár Comhardaithe ar an 31 Lúnasa 2006


	NÓTA	2006 €000	2005 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	98,246	94,656
		<u>98,246</u>	<u>94,656</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	16	4,914	6,041
Airgead sa bhanc agus ar láimh		11,458	6,162
		<u>16,372</u>	<u>12,203</u>
CREIDIÚNAITHE			
Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin	17	13,979	9,356
SÓCMHAINNÍ GLANA REATHA			
		<u>2,393</u>	<u>2,847</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE FIACHAIS REATHA			
		100,639	97,503
Méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin		-	-
SÓCMHAINNÍ GLANA			
		<u>100,639</u>	<u>97,503</u>
Ionadaithe ag			
CÚLCHISTÍ			
Cuntas Caipitil	18	98,246	94,656
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		375	179
		<u>98,621</u>	<u>94,835</u>
Cúlchiste Srianta	19	1,202	1,248
Iontaobhas Áiseanna Spóirt	20	816	1,420
		<u>100,639</u>	<u>97,503</u>

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-29 mar chuid de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Stiúrthóir

6.2.7 Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2006


	NÓTA	2006	2005
		€000	€000
OIBRIÚCHÁIN			
Airgead faighte ó:			
Dheontais stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh		52,656	47,835
Aoisliúntas		3,451	3,087
Táillí Teagaisc		12,296	10,579
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú		6,699	4,190
Ús ar Ioncam		82	90
Ioncam Eile		4,560	3,846
		<u>79,744</u>	<u>69,627</u>
Íocaíochtaí Airgid d'fhostaithe agus ar a son		(58,391)	(54,325)
Íocaíochtaí Airgid chuig soláthraithe		(11,119)	(12,977)
Íocaíochtaí Airgid eile		(6,970)	(7,779)
AIRGEAD GLAN ISTEACH/(AMACH) Ó OIBRÍOCHTAÍ		<u>3,264</u>	<u>(5,454)</u>
CAITEACHAS CAIPITIL			
Deontais faighte - Deontais Stáit le haghaidh caiteachais chaipitil		6,095	15,430
- Leathdháileadh ón deontas Stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh		2,449	1,710
- Eile		3,437	5,401
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe buana a fháil		(10,937)	(20,097)
AIRGEAD GLAN ISTEACH Ó CHAITEACHAS CAIPITIL		<u>1,044</u>	<u>2,444</u>
AIRGEAD GLAN ISTEACH/(AMACH) ROIMH DEONTAS MAC LÉINN AGUS LÉASANNA AIRGEADAIS		4,308	(3,010)
AIRGEAD GLAN ISTEACH/(AMACH) Ó DHEONTAIS MAC LÉINN ACMHAINNÍ LEACHTACHA A BHAINISTIÚ:	22	988	(244)
-ÉARLAISÍ GEARRTHÉARMA		(5,853)	3,397
(LAGHDÚ)/MÉADÚ AR AIRGEAD	21	<u>(557)</u>	<u>143</u>

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-29 mar chuid de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Stiúrthóir

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Deontas Stáit

	Dáilte ar caiteachas athfhillteach	Dáilte ar caiteachas caipitil	Iomlán
	€000	€000	€000
Deontais Stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh	50,682	2,449	53,131
Deontas Stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh	1,069	3,379	4,448
Deontas Stáit le haghaidh mionoibreacha caipitil	<u>295</u>	<u>584</u>	<u>879</u>
	<u>52,046</u>	<u>6,412</u>	<u>58,458</u>

Anuas ar na suimeanna thuas tugadh méideanna de €264,598 agus €100,559 chun ioncaim maidir le maoiniú Cruatain agus Míchumais ón Údarás um Ard-Oideachas. Tá na méideanna seo san áireamh faoi Ioncam Eile.

2. Táillí Teagaisc

	2006	2005
	€000	€000
Mic Léinn Lánaimseartha (6,053 coibhéis lánaimseartha)	8,692	8,301
Mic Léinn páirtaimsearta (2,219 coibhéis lánaimseartha)	<u>2,549</u>	<u>2,289</u>
	<u>11,241</u>	<u>10,590</u>

D'íoc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta táillí teagaisc €3,298m sa bhliain faoi choinne cúrsaí céime lánaimseartha agus €4,487m ann le haghaidh cúrsaí dioplóma agus teastais áirithe, cúrsaí a bhfuil a gcostais iomlána páirtmhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE).

3. Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú

Ioncam		
Ioncam	7,539	6,948
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	<u>(2,047)</u>	<u>(2,282)</u>
	<u>5,492</u>	<u>4,666</u>
Costais Foirne		
Teagasc	354	182
Teicniúil	3	5
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	342	197
Cothabháil Foirgneamh	32	-
Leabharlann	13	11
Scrúduithe	157	28
Taighde	936	780
Pá Sheirbhísí do Mhic Léinn	87	32
Foireann Ghinearálta	78	80
	<u>2,002</u>	<u>1,315</u>

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

3. Caiteachas

	2006 €000	2005 €000
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	339	358
Ábhair Leabharlainne	40	-
Costais Ríomhairí	109	120
Oideachas Ginearálta	1,046	1,118
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	4
Costais Taighde	(314)	406
Trealamh	128	1
Costais Foirgneamh	251	144
Taisteal agus Cothú	371	502
Costais Phearsanra	169	222
Táillí Proifisiúnta	982	282
Cumarsáid	175	12
Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige	140	127
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	37	32
Costais Airgeadais	6	10
Eile	6	13
	<u>3,491</u>	<u>3,351</u>
Caiteachas Iomlán	<u>5,493</u>	<u>4,666</u>

4. Ús ar Ioncam

Ioncam ó Éarlaisí	125	218
	<u>125</u>	<u>218</u>

5. Táillí Cláraithe na Mac Léinn

Clárú	4,720	4,641
Ús ar Ioncam	7	9
Ioncam Eile	2	22
	<u>4,729</u>	<u>4,672</u>

Aistriú chuig Féinmhaoiniú

Chun costais chláráithe seirbhísí do mhac léinn a mhaoiniú	(86)	(99)
Chun cláir choinneála mac léinn a mhaoiniú	(63)	(72)
Chun costais scrúduithe a mhaoiniú	(147)	-
Chun costais ilghnéitheacha a mhaoiniú	(37)	(60)
	<u>(333)</u>	<u>(231)</u>

Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(169)	(62)
	<u>4,227</u>	<u>4,379</u>

Táillí Cláraithe na Mac Léinn	4,720	4,641
Ús agus Ioncam Eile	9	31
	<u>4,729</u>	<u>4,672</u>

Curtha i bhfeidhm mar:

Caite ar Áiseanna agus ar Chonláistí Mac Léinn (Nóta 12)	1,673	1,401
Aistriú chuig Féinmhaoiniú	333	231
Aistriú chuig Caipiteal (Nóta 18)	169	62
Coinnithe chun caiteachas ginearálta athfhillteach a mhaoiniú	2,204	2,224
Aistriú chuig Cúlchiste Áiseanna Spóirt	350	754
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	-	-
	<u>4,729</u>	<u>4,672</u>

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Léiríonn na haistriithe chuig Féinmhaoiniú méideanna curtha i leataobh chun Clárú, Coinneáil Mac Léinn, Scrúduithe agus costais ilghnéitheacha a mhaoiniú. Tá siad seo san áireamh mar Ioncam faoi Thaighde, Fhorbairt agus Fhéinmhaoiniú agus curtha in éadan fóirchaitheachais a ghearradh. Tá comharduithe nach bhfuil caite san áireamh mar ioncam iarchurtha.

6. Ioncam Eile

	2006 €000	2005 €000
Maoiniú Cruatain	248	374
Maoiniú Míchumais	81	61
Aistriú chuig/(ó) Cuntas Caipitil	(6)	12
	<u>323</u>	<u>447</u>
Aoisliúntas	3,450	3,087
Ioncam Eile	1,137	600
Diúscairteanna Sócmhainní Buana	2	2
	<u>4,912</u>	<u>4,136</u>

7. Ranna Acadúla

Foireann

Teagasc	41,013	38,868
Teicniúil	4,098	3,441
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	1,448	1,188
Foireann Leabharlainne	90	88
Cothabháil Foirgneamh	986	925
Scrúduithe	255	380
Taighde	28	27
Pá Sheirbhísí do Mhic Léinn	28	20
Foireann Ghinearálta	102	64
	<u>48,048</u>	<u>45,001</u>

Ábhar agus Seirbhísí

Ábhair agus Tomhaltáin Eile	1,506	1,718
Ábhair Leabharlainne	155	148
Costais Ríomhairí	138	107
Oideachas Ginearálta	14	11
Trealamh	36	54
Costais Foirgneamh	328	245
Taisteal agus Cothú	243	229
Costais Phearsanra	150	89
Táillí Proifisiúnta	30	10
Cumarsáid	53	23
Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige	403	329
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	112	54
Costais Airgeadais	10	12
Eile	23	18
	<u>3,201</u>	<u>3,047</u>

Caiteachas Iomlán

	<u>51,249</u>	<u>48,048</u>
--	---------------	---------------

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

8. Seirbhísí Tacaíochta Acadúla

	2006 €000	2005 €000
Foireann Leabharlainne	744	758
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	4	2
Ábhair Leabharlainne	76	31
Costais Ríomhairí	6	4
Costais Foirgneamh	2	9
Pearsanra	-	1
Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige	26	55
	<u>858</u>	<u>860</u>
Seirbhísí Ríomhairí:		
Teagasc	4	-
Teicniúil	185	205
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	135	124
Foireann Ghinearálta	6	23
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	20	16
Costais Ríomhairí	107	23
Costais Foirgneamh	1	2
Taisteal agus Cothú	5	3
Costais Phearsanra	11	2
Táillí Proifisiúnta	10	-
Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige	3	3
	<u>487</u>	<u>401</u>
Caiteachas Iomlán	<u>1,345</u>	<u>1,261</u>

9. Foirgnimh

Foireann

Teagasc	113	135
Teicniúil	86	54
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	236	187
Cothabháil Foirgneamh	1,348	1,202
	<u>1,783</u>	<u>1,578</u>

Ábhar agus Seirbhísí

Ábhair agus Tomhaltáin Eile	131	52
Costais Ríomhairí	23	3
Oideachas Ginearálta	6	3
Trealamh	31	10
Costais Foirgneamh	3,985	3,827
Taisteal agus Cothú	2	6
Costais Phearsanra	5	9
Táillí Proifisiúnta	201	205
Cumarsáid	45	75
Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige	14	4
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	1	2
Árachas	-	123
	<u>4,444</u>	<u>4,319</u>
Caiteachas Iomlán	<u>6,227</u>	<u>5,897</u>

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

12. Áiseanna agus Conláistí Mac Léinn

	2006 €000	2005 €000
Foireann		
Teagasc	6	5
Riarachán, Feidhmeannas, Rúnaíocht	118	38
Cothabháil Foirgneamh	11	-
Seirbhísí Mac Léinn	672	466
Foireann Ghinearálta	<u>19</u>	<u>6</u>
	<u>826</u>	<u>515</u>
Ábhar agus Seirbhísí		
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	32	40
Costais Ríomhairí	16	16
Oideachas Ginearálta	31	23
Seirbhísí do Mhic Léinn	294	491
Trealamh	-	1
Costais Foirgneamh	133	42
Taisteal agus Cothú	23	22
Costais Phearsanra	19	32
Táillí Proifisiúnta	248	148
Cumarsáid	8	2
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	23	43
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	-	3
Árachas	<u>20</u>	<u>23</u>
	<u>847</u>	<u>886</u>
Caiteachas Iomlán	<u>1,673</u>	<u>1,401</u>

13. Achoimre ar Chaiteachas

Pá	58,000	53,655
Neamhphá	18,806	17,495
Luachlaghdú	<u>6,157</u>	<u>3,669</u>
	<u>82,963</u>	<u>74,819</u>

14. Cánachas

Níl ceann ar bith de ghníomhaíochtaí na hInstitiúide faoi dhliteanas Cánachais Chorporáide faoin Stádas Carthanach a fuarthas in Eanáir 1993 ag an Roinn Oideachais.

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

15. Sócmhainní Buana Inláimhsithe

	Iomlán	Talamh agus Foirgnimh	I gCúrsa Daingneán agus Foirgníocht	Daigneáin	Troscáin agus Trealamh	Mótair Feithiclí
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luach						
Tús na Bliana	139,518	74,530	31,692	2,608	30,369	319
Breisiúcháin	9,790	108	6,678	306	2,690	8
Diúscairteanna	(1,645)	-	-	-	(1,645)	-
Deireadh Bliana	147,663	74,638	38,370	2,914	31,414	327
Luachlaghdú						
Tús Bliana	44,862	18,218	-	1,143	25,296	205
Diúscairteanna	(1,602)	-	-	-	(1,602)	-
Táille Bliana	6,157	3,563	-	269	2,291	34
Deireadh Bliana	49,417	21,781	-	1,412	25,985	239
Luach Leabhair Glan						
Deireadh Bliana	98,246	52,857	38,370	1,502	5,429	88
Tús na Bliana	<u>94,656</u>	<u>56,312</u>	<u>31,692</u>	<u>1,465</u>	<u>5,073</u>	<u>114</u>

Rinne an Oifig Luachála luacháil ar Thalamh agus Fhoirgnimh ar ann dóibh ar an 1 Eanáir 1993. Rinneadh luacháil ar shócmhainní buana eile a bhí ann ar 1 Eanáir 1993 ag an Institiúid ar bhonn margadhluacha oscailte le haghaidh úsáid reatha.

I measc na ndiúscairteanna don bhliain sin tá díscríobh sócmhainní a raibh costas €1,456,764.33 acu a luachlaghdáíodh go hiomlán.

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2006 €000	2005 €000
16. Féichiúnaithe		
Deontais chothabhála mac léinn Oiliúna Triú Leibhéal (OTL) (Nóta 22)	-	988
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú - Féichiúnaithe	2,633	3,345
Deontas stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh	663	-
Féichiúnaithe Eile	1,233	1,161
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhraithe	385	547
	<u>4,914</u>	<u>6,041</u>
17. Creidiúnaithe		
Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	412	175
Deontas stáit le haghaidh caiteachais chaipitil – ioncam iarchurtha	610	-
Deontas stáit le haghaidh caiteachais chaipitil - ioncam iarchurtha	3,102	248
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú – Ioncam iarchurtha	4,102	3,799
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	5,753	5,134
	<u>13,979</u>	<u>9,356</u>
18. Cuntas Caipitil		
Comhardú 1 Meán Fómhair	94,656	78,667
Gluaiseacht i rith na bliana:		
<u>Deontais Chaipitil Infhaighte</u>		
Deontas Caipitil Stáit	3,379	12,371
Dáilte ón Deontas Stáit Athfhillteach	2,449	1,710
Clárú	169	62
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú	2,047	2,282
Maoiniú Míchumais	11	(12)
Maoiniú Cruatain	(5)	-
Eile	584	-
Aistriú ó Cúlchiste Áiseanna Spóirt	1,065	507
Aistriú ó Cúlchiste Srianta	91	2,766
	<u>104,446</u>	<u>98,353</u>
Scaoilte chuig Ioncam		
Amúchadh de réir luachlaghdú sócmhainní	(6,157)	(3,669)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Buana	(43)	(28)
Comhardú ar an 31 Lúnasa	<u>98,246</u>	<u>94,656</u>
19. Cúlchiste Srianta		
Comhardú 1 Meán Fómhair	1,248	3,897
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	92	117
Aistriú chuig Caiteachas	(47)	-
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(91)	(2,766)
Comhardú 31 Lúnasa	<u>1,202</u>	<u>1,248</u>

Seasann an comhardú ar an 31 Lúnasa do €1.202m den mhaoiniú a cuireadh i leataobh le haghaidh Áiseanna Mac Léinn.

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2006 €000	2005 €000
20. Iontaobhas Áiseanna Spóirt		
Comhardú 1 Meán Fómhair	1,420	1,113
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	461	814
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	<u>(1,065)</u>	<u>(507)</u>
Comhardú 31 Lúnasa	<u>816</u>	<u>1,420</u>

21. Méideanna sa Ráiteas Sreabhadh Airgid

Déantar anailís ar nó réitítear méideanna sa ráiteas sreabhadh airgid mar a leanas:

Airgead Glan (Amach)/Isteach ó oibriúcháin

Barrachas oibriúcháin	1,237	1,185
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	(105)	(117)
Aistriú chuig Áiseanna Spóirt	(936)	(814)
Deontais Mhac Léinn	(988)	244
Sreabhadh Airgid glan ó Bhreiseiúcháin Chaipitil	(1,044)	(2,444)
(Laghdú) ar Fheichiúnaithe	1,127	56
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe gearrthearma	4,623	(1,222)
(Laghdú)/Méadú ar an gCúlchiste Srianta	(46)	(2,649)
(Laghdú) /Méadú ar an gCúlchiste Iontaobhais Áiseanna Spóirt	(604)	307
	<u>3,264</u>	<u>(5,454)</u>

Réiteach faoi Shreabhadh Airgid chuig gluaiseacht i gcistí glana

(Laghdú)/Méadú airgid sa tréimhse	(557)	143
Méadú ar acmhainní leachtacha	5,853	(3,397)
Athruithe i gcistí glana	5,296	(3,254)

Cistí glana ag tús na bliana	6,162	9,416
Cistí glana ag deireadh na bliana	<u>11,458</u>	<u>6,162</u>
	<u>5,296</u>	<u>(3,254)</u>

Anailís ar athruithe i gcistí glana

	Ar an 1 Meán Fómhair	Sreabhadh Airgid	Ar an 31 Lúnasa
Comhardaithe Airgid agus Bainc	5,236	(557)	4,679
Éarlaisí Gearrthéarmacha	926	5,853	6,779
Iomlán	<u>6,162</u>	<u>5,296</u>	<u>11,458</u>

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2006 €000	2005 €000
22. Deontais Chothabhála Mac Léinn TLT		
Comhardú 1 Meán Fómhair	(988)	(744)
Fáltais i rith na bliana	4,774	3,493
Íocaíochtaí i rith na bliana	3,786	3,737
Comhardú ar an 31 Lúnasa	-	(988)

Maoiníonn an CSE cuid de na méideanna a fuarthas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

23. Fostaithe

1,215 an meánlíon foirne a fostaíodh ag an Institiúid don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2006 (2005: 1,197).

24. Fochuideachta

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cork Institute of Technology Property Company Ltd. in 2000 i ndáil le tionscadail tógála áirithe na hInstitiúide. Tá caipiteal roinnte eisithe ag an gcuideachta de 12 ghnáthsciar ar luach €1.27 an ceann. Is leis an Institiúid sciarchaipiteal iomlán na cuideachta.

Glacann an chuideachta sealúchas áirithe ar cíós ón Institiúid faoi choinne €31,743 sa bhliain. Gearrann an chuideachta cíós €33,013 sa bhliain ar an Institiúid chomh maith. Níor daingníodh torthaí na cuideachta go fóill le ráitis airgeadais na hInstitiúide.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Ltd. i Lúnasa 2004. Chun críocha ráitis airgeadais ITC a ullmhú, bhí gá le gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Teoranta a dhaingniú. Léirigh an chuideachta cailteanas coinnithe don bhliain de €1,202 fad agus €20,567 a bhí i sócmhainní glana na bliana.

25. Ceaintín agus Siopa na hInstitiúide

Oibríonn cuideachta, CIT Student Services Company Teoranta, ceaintín agus siopa na hInstitiúide. Déanann iniúchóirí a cheapann an Chuideachta iniúchadh ar chuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach bhfuil mar chuid de chuntais na hInstitiúide.

Rinneadh an chuideachta a ionchorprú i Nollaig 1994. Roimhe sin bhí an ceaintín agus an siopa faoi bhainistíocht Coiste Institiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar fhiachais an cheaintín agus an tsiopa ach an méid €142,847 mar éisceacht atá curtha ar iontaobh chun fiachais amach anseo ag eascairt as conarthaí áirithe seirbhíse a mhaoiniú. Níl taifead déanta ar an gciste, a bhí ag €214,118 ar an 31 Lúnasa 2006, i gcuntais na hInstitiúide ná na Cuideachta.

Is iad seo a leanas torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain dar chríoch 30 Meitheamh 2006:

	€
Ioncam	2,941,313
Caiteachas	2,924,985
Barrachas	16,328
Sócmhainní Glana	358,786

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

26. Infheistíochtaí

Is leis an Institiúid 15% de ghnáthsciarchaipiteal En-Force Laboratories Ltd. Cuideachta champais a bhíodh sa chuideachta dar theideal Biological and Environmental Services Unit Ltd. agus bunaíodh mar fhiontar príobháideach é ar an 1 Eanáir 2003. Níor chuir an Institiúid an scairsheilbh ar an Leathanach Comhardaithe mar ní mheasann sí gur ábharthach iad luach na scaireanna.

27. Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann

Is comhpháirtíocht é Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (ITC) agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Mara agus Acmhainní Nádurtha agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an talamh ar a dtógadh CNMÉ.

Tá foireann acadúil, theicniúil, riaracháin agus tacaíochta CNMÉ, fostaithe go fóill ag ITC. Sholáthraigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta €227,014 chun costais fóntais an CNMÉ a chlúdach don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2006.

28. Ócáid a tharla tar éis an Leathanaigh Chomhardaithe

Tá cuntas deiridh maidir le tógáil Ionad na Mac Léinn agus an Fhoirgnimh Riaracháin curtha isteach ag an gConraitheoir ag éileamh iarmhéide dlite den tsuim €11,779,705.25. Cuimsíonn sé seo éilimh ar shíneadh ama, briseadh agus éagsúlachtaí suas go 22 Meitheamh 2005. Tá díospóid faoi na héilimh agus níor aontaíodh an cuntas deiridh. Tá iarracht déanta ag an gConraitheoir na héilimh a réiteach laistigh de na nósanna imeachta Réitigh Aighneas faoin gconradh, agus tá an díospóid curtha ar aghaidh chuig comhréiteach aige. Ceapadh comhréiteoir trí chomhaontú ar an 3 Samhain 2006 agus tá an próiseas comhréitigh ar siúl faoi láthair.

29. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar an 3 Bealtaine, 2007.

eolas eile

- 7.1 Nuacht agus Imeachtaí
- 7.2 Cumann na gCéimithe
- 7.3 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht agus Imeachtaí

1. Athsheoladh Cumann na gCéimithe ITC mar Cumann Alumni ITCi gColáiste Naisiúnta Mara na hÉireann ar an 5 Meán Fómhair 2005.
2. Ar an 19 Meán Fómhair 2005, tharmlig Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna (CDAO) údarás bronnta chuig Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a gcéimeanna PhD féin a bhronnadh agus údarás bronnta Leibhéil 8, 9 agus 10 á gcríochnú mar sin. Rinneadh an tarmligeán le comhaontú an Údarais Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn (ÚNCÉ) agus bhí feidhm aige maidir le réimsí léinn ina raibh an Insitiúid creidiúnaithe le clár taighde a chothabháil. Tá cumhachtaí bronnta céime ag an Insitiúid anois is féidir a chur i gcomparáid le hOllscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás bronnta go leibhéal PHD le taighde ceannródaíoch a fhorbairt go leanúnach in Eolaíocht agus in Innealtóireacht in ITC.
3. Tionóladh cruinniú idir ITC, Teagasc agus Coláiste Talmhaíochta Chloch na Coillte ar an 23 Meán Fómhair 2005. Ba é cuspóir an chruinnithe ná iniúchadh a dhéanamh ar an deis dul chun cinn/aistriú ó chúrsaí CDAO ar bhealaí cosúil le comhaontú Kildalton/WIT.
4. Ar an 13 Deireadh Fómhair 2005, seoladh Plean Straitéiseach ITC go foirmiúil. Is féidir bunbhrí an Phlean Straitéisigh a athchoimriú i ráiteas misin nua na hInsitiúide. "Oideachas mac léinn-lárnach a sholáthar le fócas ar ghairm ar mhaithe le forbairt phearsanta, intleachtach agus ghairmiúil an mhic léinn agus ar mhaithe leis an tsochaí ar fad" Tá clocha cora sa Phlean Straitéiseach ó thaobh an fhís seo a fhíorú d'insitiúid oscailte agus éagsúil a bhfuil cáil uirthi go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta as oideachas ardcháilíochta a sholáthar atá dírithe ar ghairm.
5. D'fhógair Máire Ní hAinifín T.D., an tAire Oideachais agus Eolaíochta gur cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an conradh do Ceol-Scoil Chorcaí nua (SCC) mar thionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (SCC). Is é costas caipitil an tionscadail ná €60.2m.

Faoi mhúnla an CPP dearfar, tógfar, maoiníofar agus oibreofar an soil ar feadh cúig bliana is fiche ag Hochtief Development Teo. Tá an foirgneamh nua deartha le saoráid ardcháilíochta, saintógtha a shásaíonn riachtanais go léir Ceol-Scoil nua-aimseartha agus a sholáthraíonn cóiríocht chuí agus bhainistithe a thugann gníomhaíochtaí go léir na Scoile le chéile in aon ionad amháin. I measc na n-áiseanna tá seomraí teagaisc speisialaithe, seomraí léachta, halla cleachtaidh, stiúideo taifeadta, svuít drámaíochta agus leabharlann. Sular seoladh an tionscadal seo bhí SCC ag feidhmiú i seacht n-ionad déag ar fud chathair Chorcaí.
6. I Meán Fómhair 2005, reáchtáladh Ceadlann Idirnáisiúnta ar Shlándaíl Mhuirí agus Bainistíocht Géarchéime a raibh freastal maith uirthi i gColáiste Naisiúnta Mara na hÉireann. Eagraíodh an imeacht mar chuid de CIMET – thionscadal AE a dhéanann soláthar ar chomhoibriú i gcruth malartaithe mac léinn agus léachtóirí idir Coláistí Loingseoireachta ón AE agus ó Cheanada.
7. Faoin tSraith rathúil Cainteoirí ar Cuairt, labhair John Lonergan, Rialtóir Phríosún Mhuinseo le foireann agus mic léinn na hInsitiúide agus le cleachtóirí sa réimse sóisialta ar fhréamhacha na coireachta i ndíothacht shóisialta agus d'aithin sé na freagairtí oiriúnacha beartais sa réimse seo. Tharla sé seo ar an 4 Deireadh Fómhair 2005 in Amharclann na hInsitiúide.
8. Ar an 11 Deireadh Fómhair 2005 chuir an Stiúrthóir fáilte roimh Chuntasóirí Deimhnithe cáilithe as réigiún Chorcaí go dtí an Insitiúid a bhí ag tabhairt faoi chúrsa 10 seachtain ar Caighdeán Chuntasaíochta Idirnáisiúnta. Bhí an riachtanas ag dul i méid go mbeadh cur amach acu ar na Caighdeáin d'fhonn iad a chur i bhfeidhm ina gcuideachtaí féin agus, dóibh siad a bhí ag cleachtadh, d'fhonn cúnaimh a thabhairt dá gcliaint iad a chur i bhfeidhm.
9. Reáchtáladh 5ú Comhdháil Bhliantúil TF agus T a raibh rath uirthi idir 26 go 27 Deireadh Fómhair 2005 i Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann. I measc na bpríomhchainteoirí i mbliana bhí Lawrence Cowsar, POF, Bell Labs agus Tim Stone, Cisco Systems Europe.
10. Thug Anders Hanberg Sorensen, Stiúrthóir Choláiste na nInnealtóirí Muirí i gColáiste na hOllscoile Aarhus cuairt ar an Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann ar an 26 agus 27 Deireadh Fómhair, 2005. Bhí beirt Ollamh Chúnta i dteannta leis. Bhí sé mar aidhm ag an gcúairt seo naisc chomhoibrithe le CNMÉ a bhunú agus b'fhéidir malartú mac léinn a bheith ann.
11. Seoladh "Arts Fest" ar an 2 Samhain 2005 sa Ghaillearaí Taispeántais, 1ú Uirlár, Ionad na Mac Léinn.
12. Reáchtáladh Seachtain na hEolaíochta san Insitiúid ón 11 go dtí an 20 Samhain 2005. Tá Seachtain na hEolaíochta ar siúl don naoú bliain agus spreagann sé rannpháirtithe le níos mó spéise a chur in eolaíocht, teicneolaíocht, agus innealtóireacht trí imeachtaí cruthaitheacha atá ceaptha chun fiosracht a mhúscaill, foghlaim a spreagadh agus thar aon ní eile eolaíocht a réaladh mar eispéireas spreagúil.
13. Bhí an chomhdháil "Working Places, Learning Spaces" eagraithe ag Roinn DEIS de ITC ar siúl ar an 25 Samhain 2005 in Óstán Clarion, Corcaigh ó 10.00 am go dtí 5.00 pm. I measc na bpríomhchainteoirí bhí Peter Cassells, Cathaoirleach ar an Ionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus

Feidhmíochta agus an Dr Desmond Keegan, údar a bhfuil cáil air i réimse an chianoideachais agus na ríomhfhoglana.

14. Roghnaigh an Iris Oideachais Náisiúnta le Fócas ar Ghairm "Education" Clúdach an Leathanaigh Tosaigh agus Príomhalt Dhá Leathanach san eagrán is déanaí a foilsíodh (Imleabhar 18 Eagrán 3) a thabhairt d'Éachtaí suntasacha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Nuálaíochta agus Deartha mac léinn na Céime Innealtóireachta Meicniúla in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.
15. Críochnaíodh dréacht-togra a thug breac-chuntas ar thogra le hIonad Oideachais Ailtireachta a bhunú i gCathair Chorcaí. Is comhfhiontar é seo idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
16. Ar an 11 Nollaig 2005, cheadaigh an tAire Máire Ní hAinifín 35 mórthionscadal tógála don Oideachas Tríú Leibhéal. I gcás ITC maoiníofar dhá thionscadal, is iad sin (a) Leabharlann Céim 2 (tionscadal CPP) agus (b) CCAD (tionscadal a fuarthas ar ghnáthbhealach).
17. Bronnadh creidiúnú ar an Roinn Innealtóireachta Ceimicí agus Próisis ar leibhéal MEng (Onór) dá céim BEng (Onór) ag Institiúid na nInnealtóirí Ceimiceacha (ICChemE). Is comhlacht proifisiúnta idirnáisiúnta é ICChemE, agus tá céimeanna ar dhá leibhéal á gcreidiúnú aige, MEng and BEng (Onór). Cuireann sé seo cúrsa ITC ar chomhchéim leis an gceann atá á thairiscint ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an t-aon chéim innealtóireachta ceimicí agus próisis eile sa tír a bhfuil creidiúnú bainte amach aici ar leibhéal MEng.
18. Seoladh clár nua nuálach chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais le Rochtain ar Oideachas – Coiste Comhpháirtíochta um Droichead i dtreo na Fostaíochta i Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann i mí Eanáir 2006. Is í ballraíocht na comhpháirtíochta ná Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, na cuideachtaí Johnson and Johnson atá bunaithe i gCorcaigh, Gnó sa Phobal, Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí, Junior Achievement agus trí scoil dara leibhéal i gCorcaigh. Tá an clár pólótach dírithe ar spreagadh agus cúnaimh a thabhairt do mhic léinn ó gceantair atá faoi míbhuntáiste sóisialta i gcathair Chorcaí fanacht ar scoil agus dul ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal ag tagairt go speisialta d'Eolaíocht agus do Theicneolaíocht.
19. Chríochniagh tréimhse oifige Donal O'Rourke mar Chathaoirleach Boird Rialaithe na hInstitiúide ar an 6 Feabhra 2006. Ba é Donal an chéad Chathaoirleach agus chuir sé isteach téarma de thrí bliana déag ó Eanáir 1993. Le linn na tréimse seo, rinne sé cathaoirleacht ar chruinnithe le láimh a bhí éadrom ach láidir, ag díriú ar bhrí na saincheisteanna, bhí se foighneach i gcónaí maidir le comhaontú a lorg agus a bhaint amach agus an clár oibre á chlúdach, agus thug

sé an Bord Rialaithe agus an Institiúid chun tosaigh i gcónaí.

Tá oidhreacht fhisiceach aige sa mhéadú ar an gCampas agus sna foirgnimh ghalánta shuntasacha nua atá os comhair na hInstitiúide. Is dóigh linn go bhfuil rath na hInstitiúide san fhorbairt a rinne sí go dtí go raibh sé ar thús cadhnaíochta in oideachas teicneolaíochta na hÉireann i measc na n-éachtaí is mó a rinne sé.

Ba mhian linn buíochas a ghabháil le Donal as an 13 bliain de sheirbhís fhlúirseach a thug sé d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus as an ról mór a bhí aige maidir leis an institiúid a chur ar thús cadhnaíochta in earnáil teicneolaíochta an oideachais tríú leibhéal, mar atá sí anois.

20. Bhí a chéad Bhronnadh na gCéimeanna ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar an 10 Feabhra 2006 i CNMÉ.
21. Thug an tOllamh Robin Smith, saíneolaí i réimsí éagsúlá ná, beartas ardoideachais, ardoideachas gairme, dearbhú cáilíochta agus forbairt churaclaim cuairt ar an Institiúid ón 21 go 24 Feabhra 2006 agus bhuaíl sé le Foireann Shinsearach maidir le cur i bhfeidhm Modúlaithe agus Seimeastraithe ITC.

I ndiaidh díospóireacht fhairsing a bheith sa Chomhairle Acadúil, chuir an Bord Rialaithe d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tús leis an aistriú go dtí Clár Mhodúlacha Bunaithe ar Chreidiúintí (CBMP) le linn na bliana acadúla 2005/06. Is é an pleán ná gach mac léinn de chuid na chéad bhliana a chárú ar Clár Mhodúlacha Bunaithe ar Chreidiúintí i Meán Fómhair 2007 agus gach mac léinn eile a chlárú orthu i Meán Fómhair 2008.

Is é an aidhm ná modúil agus clár acadúla a fhorbairt in ITC a bheidh d'ardcháilíocht, ach a bheidh mac léinn-lárnach agus soiléir ó thaobh struchtúir de, ag an am céanna ionas gur féidir le pobal na mac léinn agus an pobal i gcoitinne iad a thuiscint.
22. Thug John Archer, Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí Ceimiceacha cuairt ar an Institiúid ar an 23 Feabhra 2006 agus labhair sé leis na mic léinn i Roinn na hInnealtóireachta Ceimicí agus Próisis. Is é an réimse taighde atá aige ná an innealtóireacht taisce peitriam, go háirithe an sreabhadh ilphasach de shreabháin choimpléasacha i meáin phóiriúla.
23. D'fhreastail thart ar 450 páiste scoile dara leibhéal agus a múinteoirí ar an Léacht IEE Faraday a réachtáladh ar an 1 Márta, 2006. Tugadh réamheolas dóibh ar Innealtóireacht mar ghairm, agus ina dhiaidh sin bhí seó an-ghairmiúil agus an-siamsúil ar an tionchar atá againn ar aeráid an phláinéad agus deiseanna do "theicneolaíocht leis an bpláinéad a shlánú". Tugadh an deis dóibh freisin idirghníomhú le roinnt turgnamh. D'éirigh thar cinn leis an imeacht.

24. Cheap, Máire Ní hAinifín, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an Dr Paddy Caffrey, Iar-Uachtarán Innealtóirí Éireann mar Chathaoirleach ar an mBord Rialaithe d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí do thréimhse cúig bliana le héifeacht ón 13 Márta 2006.
25. Bhí Taispeántas Bliantúil Aosoideachais Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford ar siúl ón 28 Márta go dtí an 1 Aibreán 2006. Taispeánadh raon leathan oibre a rinne mic léinn a d'fhreastail ar na cúrsaí oíche éagsúla ag an gColáiste.
26. Ar an 30 Márta 2006, d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Máire Ní hAinifín, Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) go hoifigiúil ag Rinn an Scídigh, Co. Chorcaí. Is comhcholáiste de ITC é CNMÉ i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education. Tógadh an Coláiste €52m agus tá sé á chothabháil ag Focus Education Teo mar Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP). Tá go leor áiseanna úrscothacha ag an saoráid don raon leathan cúrsaí atá á dtairiscint.



Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann

27. Ghlac an Stiúrthóir cuireadh ó Innealtóirí Éireann, Réigiún Chorcaí freastal ar an Aitheasc Uachtarán agus ar Bhronnadh na dTeideal Institiúide ag searmanas a reáchtáladh in Óstán Rochestown Park ar an 4 Aibreán 2006. Le linn an tsearmanais bronnadh duaiseanna bliantúla ar chéimithe ó gach ceann de na Ranna Innealtóireachta d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh.
28. Bhuaigh Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta ag ITC "Duais do Chumann na bliana" ag Searmanas Bronnta an National Board of Irish Colleges Societies a reáchtáladh in Óstán Rochestown Park ar an 13 Aibreán 2006. D'éirigh go hiontach le searmanas 2006, a raibh ITC ina hóstach dó, agus d'fhreastail foireann agus mic léinn ó Choláistí agus Ollscoileanna ar fud na tíre air.
29. Thug Cathaoirleach an Bhoird Eagarthóireachta, Pierce Martin agus eagarthóir Engineers Journal of Ireland, Bernard Potter cuairt ar an Institiúid ar an 25 Aibreán 2006. Chas siad leis an Stiúrthóir agus le

Taighdeoirí na hInstitiúide. Bhí siad den tuairim go raibh an lá agus na malartaithe an-spreagúil agus d'ardchaighdeán. D'fhág siad le smaointe agus ábhar do shraith gné-alt thar ama ar thionscnaimh thaighde ITC le haghaidh The Engineers Journal. Bhí siad tógtha le mianach na mac léinn taighde ar bhuail siad leo agus go háirithe leis an gcumas a bhí acu cur síos chomh proifisiúnta agus chomh cruinn a thabhairt ar na tionscnaimh a raibh siad ag obair orthu.

30. D'éirigh le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí trí n-intéirneacht taighde barrleibhéil le Cisco a fháil. Dúirt Michael Galvin, Stiúrthóir Bainistíochta Cisco go raibh glacadh an-mhaith leis, go háirithe ó ITC agus ó Ollscoil Uladh i gCúil Raithin áiteanna a raibh naisc mhaith aige cheana féin le léachtóirí Aidan McDonald, Roinn na Ríomhaireachta, ITC agus leis an Ollamh Gerard Parr i gCúil Raithin. Dáileadh an líon áiteanna intéirneachta is mó ar an dá Institiúid, ná trí cinn an ceann. Caithfidh na mic léinn a fuair na hintéirneachtaí ceithre mhí i rannóga forbartha agus taighde aonad gnó Cisco agus oibreoidh siad go díreach ar thionscadail thaighde. Gheobhaidh siad tuarastal agus tabharfaidh Cisco cúnamh dóibh lóistín a fháil sa Silicon Valley don samhradh.
31. "Challenge Science" a bhí ar siúl ón 2 Bealtaine go dtí an 4 Bealtaine 2006 i Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann. Seó Eolaíochta Bóthair a bhí ann in raibh 1,200 duine óg ón aois 12-14 bliain ina n-eolaithe fóirínseacha, saineolaithe cothúcháin bia, spásairí agus bith-theicneolaithe le haghaidh an lae.
32. Chun 50 bliain d'Innealtóireacht Mhuirí i gCorcaigh gan bhriseadh a shonrú, d'eagraigh Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann athaontú dá iarmhairnéalaigh agus chairde go léir chun an ócáid uathúil seo a cheiliúradh. I measc na n-imeachtaí bhí cóisir neamhfhoirmiúil san Óstán Rochestown Park, Corcaigh ar an 6 Bealtaine 2006. Bhí turas faoi threoir timpeall Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann nua, taispeántas "Glance at the Past" agus ina dhiaidh sin níos déanaí san oíche bhí dinnéar athaontaithe san óstán Rochestown Park.



Charlie Devlin, iardhalta; agus Erica Bonner, mic léinn Innealtóireachta sa dara bliain; an mac léinn is sine agus is óige, ar 80 agus 20 bliain d'aois iad, nuair a bhí siad ar cuairt i gColáiste Naisiúnta Mara na hÉireann do cheiliúradh 50 bliain d'Innealtóireacht Mhuirí i gCorcaigh.

33. Bhí an 6ú Fóram Bliantúil um Thaighde Iarchéime ITC ar siúl in ITC ar an 10 Bealtaine 2006. Ó thosaigh sé tá an Fóram ag dul ó neart go neart. Tá sé cruthaithe aige gur ardán idéalach é do chleachtóirí a bhíonn ag iarraidh a gcuid oibre a chur i láthair dá gcomhghleacaithe agus léirigh sé gur uirlis an-úsáideach é chun scileanna cur i láthair a thabhairt chun foirfeachta.
34. Sheoil Ardmhéara Chorcaí, an Clr Deirdre Clune, Scéim Chun Cinn nua Choláistí Chorcaí ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ar an 13 Bealtaine 2006 san Fhoirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais. Tá an scéim nua seo ceaptha chun naisc a mhéadú agus a dhéanamh foirmeálta agus beidh sé ann i dteannta leis an scéim náisiúnta atá ann cheana féin LINKS via an CAO. Baineann sé le comhaontuithe foimiúla a dhéanamh le gach Roinn ag ITC agus gach Roinn nó cúrsa sna Coláistí Breisoideachais, chun uimhreacha agus áiteanna seasta a chur in áirithe in ITC do mhic léinn Coláistí Breisoideachais. beidh obair leanúnach ar siúl maidir leis na naisc agus na caighdeán riachtanacha iontrála chuig ITC a shainiú.
35. Bhí ITC ina hóstach do chuairt ó bhainistíocht shinsearach Choláiste Selandia na Danmhairge ar an 22 Bealtaine 2006. Is éard atá i Selandia, go bunúsach, ná coláiste an-mhór a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint ag leibhéal uachtarach meánscoile agus ag leibhéal iarmheánscoile. Bíonn cúrsaí a seachadadh sna hearnálacha teicniúla, gnó, bainistíochta agus printíseachta. Bhí spéis ag an ngrúpa i struchtúr bainistíochta, airgeadais agus printíseachta ITC.
36. Bhí ITC ina hóstach do chuairt Maurice Doran, ó Aonad Tionsnaimh Scileanna na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, ar an 29 Bealtaine 2006. Tugann an t-uasal Doran comhairle don Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar na cúrsaí go léir a bhaineann le ceirdeanna sainithe sna hInstitiúidí. Bhuail an t-uasal Doran leis an stiúrthóir agus phléigh sé saincheisteanna a bhaineann le printíseacht in ITC, lena n-áirítear ceadú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta do mholadh na hInstitiúide le déanaí soláthar a ranganna pluiméireachta a mhéadú. Ina dhiaidh sin, tugadh turas don uasal Doran timpeall na bhfoirgneamh nua i gCampas Bhaile an Easpaig agus timpeall Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann.
37. Bhí "Searmanas Nochta Portráidí" ar siúl san Institiúid ar an 1 Meitheamh 2006 i Seomra na Comhairle, An foirgneamh Riaracháin in omós d'Iar-Stiúrthóir agus d'Iar-Phríomhoifigeach Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí nach maireann agus d'Iar-Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe.
- James P Roche, Iar-Phríomhoifigeach ó 1974 go 1988, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
 - Patrick Kelleher, Iar-Stiúrthóir ó 1988 go 2004, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
 - An Clr Donal O'Rourke, Iar-Chathaoirleach ó 1993 go 2006, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí



An dara duine ó chlé: Kathleen Roche le portráid a fir chéile nach maireann, James P. Roche, Iar-Phríomhoifigeach Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Sa ghrianghraif chomh maith tá – ó chlé: – Jim Roche (mac), an Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, agus an Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe.



An dara duine ó dheas: An Dr Patrick Kelleher lena phortráid. Sa ghrianghraif chomh maith tá – ó chlé: – an Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Sheila Kelleher, agus an Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe.



An dara duine ó dheas: Cllr Donal O'Rourke lena phortráid. Sa ghrianghraif chomh maith tá – ó chlé: – an Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Catherine O'Rourke, agus an Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe.



Ó chlé: An Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, an Clr Donal O'Rourke, Iar-Chathaoirleach, an Bord Rialaithe, an Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach, an Bord Rialaithe agus Catherine O'Rourke.



Ó chlé: An Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach, an Bord Rialaithe, an Dr Patrick Kelleher, Iar-Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, an Clr Donal O'Rourke, Iar-Chathaoirleach, an Bord Rialaithe agus an Dr Brendan J. Murphy, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

38. Bhí ócáid ar siúl san Institiúid ar an 1 Meitheamh 2006 san Fhoirgneamh nua Turasóireachta agus Fáilteachais chun tréimhse oifige Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe, an Clr Donal O'Rourke, a shonrú.
39. Thug an tUachtarán agus cuid den fhoireann cuairt ar Ollscoil na hEolaíochta Feidhmí i Darmstadt (Hochschule Darmstadt) ón 8 Meitheamh go dtí an 10ú Meitheamh 2006. Bhí sé mar aidhm ag an gcúairt go mbéidís i láthair ag an síniú foirmiúil den Chomhaontú Comhcháiliúcháin don Chúrsa B.A. Imlheáin idir Hochschule Darmstadt agus ITC.
40. Tháinig 38 múinteoir agus ball foirne riaracháin, ina measc an Príomhoide agus an Leas-Príomhoide ar cuairt as Scoil Jarfaala sa tSualainn ar an 12 Meitheamh 2006. Is meánsoil uachtarach mhór í Jarfaala a ullmhaíonn mic léinn le dul go dtí an ollscoil agus le haghaidh printíseachtaí. Chuir an grúpa suim i struchtúr bainistíochta ITC agus i gcúrsaí lánaimseartha agus printíseachta araon.
41. Thug Allan McMullen, Uachtarán ar an Institiúid Chairte Foirgníochta cuairt ar ICT ar an 12 Meitheamh 2006 agus is ann a bhí bronnadh ón Stiúrthóir, an Dr Brendan Murphy air. Is ag fáiltiú i Seomra Comhairle na hInstitiúide a reáchtáladh an bronnadh, le bliain rathúil Uachtarántachta an uasal McMullen a shonrú.

Is é an tUasal McMullen an dara Éireannach a raibh Oifig an Uachtaráin aige ó bunaíodh an ICF 160 bliain

ó shin. Bhí baill agus sealbhóirí oifige na craobhe áitiúla de CIF i dteannta le foireann ITC i láthair ag an bhfáiltiú. D'eagraigh Cathaoirleach na Craobhe Áitiúla, Roger Crowley an chuairt chun forbairtí nua in Oideachas Bainistíochta Foirgníochta in ITC a aithní; is é sin Céim Onóracha BSc i mBainistíocht Foirgníochta a chur ar fáil. Tar éis an cur i láthair, bhí pléite ar siúl le naisc a láidriú níos mó idir an Institiúid Chairte Foirgníochta agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá baint ag ITC leis an CIF le fada an lá, agus ardghradam á fháil ag mic léinn i scrúduithe gairmiúla CIF a bhfuil a Céim Onóracha féin i mBainistíocht Foirgníochta tar éis dul ina n-ionad anois.

42. Reáchtáil an Institiúid a céad Chruinniú an Bhoird Scrúdaithe maidir le Máistrí Taighde agus PhDanna ar an 19 Meitheamh 2006.
43. Reáchtáil Cumann Alumni ITC athsheoladh dá chraobh Nua-Eabhrac ar an 19 Meitheamh 2006 i Langans, suite ar 47th agus 7th Avenue, Nua Eabhrac.
44. Tháinig grúpa daltaí óga chliste ar cuairt go dtí Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, ITC, ón 20 go dtí an 22 Meitheamh, a bhí chomh fiosrach céanna agus a bhí siad díograiseach. Bhí na daltaí ag freastail ar an gcéad shraith de Summer Live – Electronics, cúrsa a bhí dírithe ar bhunphrionsabail leictreachais agus leictreonacha a mhúineadh do dhaltaí dara leibhéal i dtimpeallacht idirghníomhach. D'éirigh go hiontach leis an gcúrsa toisc gur fhoghlaim na daltaí a d'fhreastail ar an imeacht trí lá scileanna éagsúla nua idir a gciorcaid leictreonaice féin a thógáil agus phacáistí ionsamhlta ar ríomhaire a úsáid chun na ciorcaid seo a mhúnlú. Ní hamháin gur fhoghlaim mic léinn scileanna nua ach, ina dteannta sin, d'fhoghlaim siad bhunphrionsabail leictreachais agus leictreonacha agus teicnící praiticiúla maidir le tuairiscí a scríobh a bhainfidh lena gcuid scrúduithe amach anseo.
45. Tháinig The Association of Northern Ireland Colleges Marketing Managers Group ar cuairt ar an 26 Meitheamh 2006. Bhuail siad leis an Stiúrthóir agus le roinnt ball ó Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide.
46. Bhuail Stiúrthóir an ITC agus Uachtarán COC le toscaireacht Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann ar an 28 Meitheamh 2006 i COC. Ba chuairt thábhachtach a bhí ann don Ionad nua d'Oideachas Ailtireachta agus don chúrsa céme comhpháirteach BSc.
47. Bhí taispeántas samhraidh ar siúl in ITC darbh ainm "Chaos & Creation" in Ionad Taispeántais James Barry, ITC ón 10 go dtí an 26 Iúil 2006. Mar chuid den taispeántas a bhí an chéad taispeántas aonair de phéinteálacha nua Sharon McCarthy, ealaíontóir óg atá i mbéal an phobail ar bronnadh céim uirthi i gColáiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 2005. D'oscail Damien Coyle, Ealaíontóir agus Stiúrthóir Speechmatters an taispeántas go hoifigiúil.
48. Sheol Ardmhéara Chorcaí an Clr Ró-Onórach Michael Ahern an Réamheolaire Oideachais Leantaigh do 2006/07 in ITC ar an 21 Lúnasa 2006.

7.2 Cumann na gCéimithe

Athsheol Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a Chumann na gCéimithe mar **Cumann Alumni ITC** ar an 5 Meán Fómhair 2005 ag Coláiste Naisiúnta Mara na hÉireann, Rinn an Scidigh.

Tríd an gCumann Alumni is féidir le céimithe coinneáil i dteagmháil le forbairtí ag ITC agus le cairde, páirtithe ranga agus foireann dáimhe ón gcoláiste. Is é príomhaidhm an Chumainn ná líonra proifisiúnta agus sóisialta a sholáthar a bhainfidh alumni ITC agus an Institiúid araon tairbhe as.

Tairbhí agus Seirbhísí do Bhaill

- cárta creidmheasa aifinideachta uathúil
- cúnaimh maidir le teacht le chéile a eagrú
- lascainí ar sheirbhísí
- an irisleabhar Learning City
- eolas ginearálta ar ghairmeacha, scileanna agallaimh agus forbairt CV do chéimithe úrnua (do chéimithe ar an gcéad bhliain amach)
- rochtain ar áiseanna ITC (ina measc ballraíocht leabharlainne)
- cuirí chuig ócáidí áirithe
- teacht ar chraobhacha domhanda agus réigiúnacha an Chumainn

Téann freagairtí ITC i leith a mic léinn níos faide ná cláir acadúla a sheachadadh agus tá sé mar chuid de Phlean Straitéiseach na hInstitiúide naisc níos gaire a chruthú lena Alumni. Is í garsprioc Cumann Alumni ITC ná caidreamh láidir a bhunú lena chéimithe.

Bunaíodh Coiste an Chumainn Alumni a bhfuil céimithe agus foireann mar bhaill de atá meáite ar fhreastail ar Choiste CITAA do thréimhse dhá bhliain chun comhairle a thabhairt don Chumann agus don Institiúid maidir leis an mbealach is fearr le plé lenár Alumni agus conas an Cumann a fhorbairt níos mó.

Ócáidí/Teacht le chéile

1985 Innealtóireacht Leictreonach – Teacht le Chéile 20-bliain

Rinne Céimithe ó **Innealtóireacht Leictreonach** 1985. ceiliúradh ar a **teacht le chéile 20- bliain** in Óstán Brookfield ar an 8 Deireadh Fómhair 2005. Thosaigh an teacht le chéile le dinnéar agus ina dhiaidh sin bhí deochanna ag an mbeár. Tháinig páirtithe ranga go Corcaigh ó áiteanna éagsúla san Eoraip. Bhí an-oíche ag gach duine.

7.3 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh Baile an Easpaig, Corcaigh

Teileafón (021) 4326100

Facs (021) 4326100

CEOL-SCOIL CHORCAÍ

Seoladh Cé na hAontachta, Corcaigh

Teileafón (021) 4326100

Facs (021) 4326100

COLÁISTE EALAÍNE AGUS DEARTHA CRAWFORD

Seoladh Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

Teileafón (021) 4326100

Facs (021) 4326100

COLÁISTE NAISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Address Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Teileafón (021) 4326100

Facs (021) 4326100

Gréasán www.nmci.ie




Arna Foilsiú ag: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Cocaigh, Éire.
© Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Aibreán 2008

Curtha le chéile ag Foireann Oifig an Uachtaráin

Nóta:
Rinneadh gach iarracht lena chinntiú go bhfuil an t-eolas ar fad anseo cruinn Ní ghlacann an Institiúid le dliteanas ar bith ó thaobh earáid ar bith atá le fáil anseo.

Cló: Uppercase Teo., Corcaigh



Dearadh agus Leagan Amach:
Raven Design, Corcaigh



Comhairle Teanga agus
Seirbhísí Aistriúcháin